



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022
(OR. en)

7023/1/22
REV 1

COPEN 79
DROIPEN 30
EVAL 7
JAI 311
EUROJUST 26
EJN 10
CATS 13

NÓTA

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: **TUARASCÁIL MHEASTÓIREACHTA AR AN NAOÚ BABHTA DE
MHEASTÓIREACHTAÍ FRITHPHÁIRTEACHA**
**An 9ú babhta de Mheastóireacht Fhrithpháirteach ar ionstraimí dlí
maidir le haitheantas frithpháirteach i réimse chailleadh na saoirse nó
shrianadh na saoirse -**
TUARASCÁIL MAIDIR LE hÉIRINN

**TUARASCÁIL MHEASTÓIREACHTA AR
AN NAOÚ BABHTA DE MHEASTÓIREACHTAÍ FRITHPHÁIRTEACHA**

**An 9ú babhta de Mheastóireachtaí Frithpháirteacha ar ionstraimí dlí maidir le haitheantas
frithpháirteach i réimse chailleadh na saoirse nó shrianadh na saoirse**

TUARASCÁIL MAIDIR LE hÉIRINN

Clár

Clár	3
1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	6
1.1. Cinneadh Réime 2002/584/CGB	6
1.2. Cinneadh Réime 2008/909/CGB	8
1.3. Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le promhadh agus maidir le smachtbhannaí malartacha	9
1.4. Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach	9
2. RÉAMHRÁ	10
3. CINNEADH RÉIME 2002/584/CGB MAIDIR LEIS AN mBARÁNTAS GABHÁLA EORPACH (BGE).....	13
3.1. Údaráis atá inniúil maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (BGE)	13
3.2. Prionsabal na comhréireachta	15
3.3. Malartú faisnéise	17
3.4. Forais le diúltú	17
3.4.1. Diúltú i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann go sárófar cearta bunúsacha i ndáil le coinneáil	19
3.4.2. Diúltú i gcás breithiúnas in absentia	20
3.4.3. Forais eile le diúltú	21
3.5. Dúshláin bhreise	22
3.6. Conclúidí	23
4. CINNEADH RÉIME 2008/909/CGB MAIDIR LE PRIONSABAL AN AITHEANTAIS FHRITHPHÁIRTIGH A CHUR I bhFEIDHM AR BHREITHIÚNAIS IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA LENA bhFORCHUIRTEAR PIANBHREITHEANNA COIMEÁDTA NÓ BEARTA A BHAINNEANN LE CAILLEADH SAOIRSE CHUN IAD A FHORFHEIDHMIÚ SAN AONTAS EORPACH	25
4.1. Na húdaráis atá inniúil ar bhreithiúnas a aithint agus ar phianbhreith a fhorghníomhú	26
4.2. Doiciméid a theastaíonn chun an breithiúnas a aithint agus an phianbhreith a fhorghníomhú	27
4.3. Critéir chun éascú an athshlánaithe shóisialta a mheasúnú	28

4.3.1.	Malartú faisnéise idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach.....	28
4.3.2.	Tuairim an duine faoi phianbheith agus fógra a thabhairt don duine sin.....	29
4.4.	Oiriúnú na pianbhreithe.....	31
4.5.	Forais le neamhathint nó le neamhfhorghníomhú.....	32
4.6.	Aitheantas páirteach.....	33
4.7.	Dúshláin a bhaineann le comhlíonadh an spriocdháta don aithint agus don fhorfheidhmiú.....	34
4.8.	An dlí lena rialaítear forfheidhmiú na pianbhreithe.....	34
4.9.	Dúshláin bhreise.....	35
4.10.	Staidreamh.....	36
4.11.	Conclúidí.....	37
5.	NASC IDIR CR 2002/584/CGB MAIDIR LEIS AN mBARÁNTAS GABHÁLA EORPACH AGUS CR 2008/909/CGB MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA COIMEÁDTA	38
	38	
5.1.	Fadhbanna a bhaineann leis an nasc idir CR 2002/584/CGB maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus CR 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta.....	38
5.2.	Conclúidí.....	39
6.	CINNEADH RÉIME 2008/947/CGB MAIDIR LE PROMHADH AGUS SMACHTBHANNAÍ MALARTACHA.....	39
6.1.	Údaráis atá inniúil maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB.....	39
6.2.	Fadhbanna a bhaineann le mainneachtain Cinneadh Réime 2008/947/CGB a chur i bhfeidhm.....	48
6.3.	Conclúidí.....	51
7.	CINNEADH RÉIME 2009/829/CGB MAIDIR LEIS AN ORDÚ MAOIRSEACHTA EORPACH.....	52
7.1.	Údaráis atá inniúil maidir le Cinneadh Réime 2009/829/CGB.....	52
7.2.	Fadhbanna a bhaineann le mainneachtain Cinneadh Réime 2009/829/CGB a chur i bhfeidhm.....	57
7.3.	Conclúidí.....	57
8.	Oiliúint.....	57
8.1.	Oiliúint a bhaineann le CR 2002/584/CGB, CR 2008/909/CGB 2008/947/CGB, agus CR 2009/829/CGB.....	57

8.2. Conclúidí	58
9. BARÚLACHA DEIRIDH, MOLTAÍ AGUS DEA-CHLEACHTAIS	59
9.1. Trácht ó Éirinn	59
9.2. Moltaí	60
9.2.1. Moltaí d’Éirinn.....	60
9.2.2. Moltaí do na Ballstáit eile	62
9.2.3. Moltaí don Aontas Eorpach agus dá institiúidí.....	63
9.3. Dea-chleachtais	63

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

D'eagraigh údaráis na hÉireann an chuairt go héifeachtúil. Áiríodh ann cruinnithe leis na gníomhaithe ábhartha uile a bhíonn ag plé leis an gcomhar breithiúnach Eorpach agus cur chun feidhme agus feidhmiú beartas Eorpach.

Bhí ionadaithe na n-institiúidí uile agus an chomhlachais barra a roghnaíodh chun freastal ar an gcrúinniú thar a bheith gairmiúil. Chomhroinn siad a dtaithe agus a smaointe leis an bhfoireann meastóireachta, rud a chuidigh le léargas cuimsitheach a fháil ar na ceithre ionstraim don chomhar breithiúnach a raibh meastóireacht le déanamh orthu.

1.1. Cinneadh Réime 2002/584/CGB

Leis an Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 ('Acht BGE 2003') tugadh éifeacht do Chinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus do na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit i gcóras dlí na hÉireann.

Is iad na Cúirteanna Dúiche, na Cúirteanna Cuarda, an Ard-Chúirt nó Cúirt Choiriúil Speisialta na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna. Eisítear iarrataí ar iarratas ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (OSIP).

Is í an Ard-Chúirt an t-údarás inniúil forghníomhaitheach arna iarraidh sin ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).

Ceapadh an aireacht cheartais – an Roinn Dlí agus Cirt – mar an tÚdarás Lárnach. Is fiú a thabhairt faoi deara gur leasíodh alt 20 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 chun ról an Údaráis Lárnaigh dá bhforáiltear sa Chinneadh Réime a léiriú ar bhealach níos soiléire. Mar thoradh air sin, ní théann an Roinn Dlí agus Cirt i ngleic a thuilleadh leis an dlínse eachtrach ar a thionscnamh féin; is thar ceann na cúirte amháin a dhéanann sí amhlaidh. Chuir údaráis na hÉireann i dtreis nach gcuireann ról an Údaráis Lárnaigh moill ar an bpróiseas, agus gurb amhlaidh a éascaítear an chumarsáid leis.

Agus BGE á eisiúint acu, déanann Údaráis na hÉireann tástáil chuí chomhréireachta. Áirítear leis sin déine na coire, seiceáil a dhéanamh ar an mbail atá ar an íospartach, ar an bpiónós dá bhforáiltear agus ar an achar ama ó rinneadh an cion. Ina theannta sin, nuair is gá d'Éirinn, agus í ina húdarás eisiúna, duine a cheistiú sula mbeidh sí in ann cinneadh a dhéanamh an ndéanfar an duine sin a ionchúiseamh, ní théann údaráis na hÉireann ar iontaoibh BGE, atá i gcomhréir go hiomlán le Cinneadh Réime BGE. Sa chás sin, toisc nár roghnaigh Éire a bheith páirteach san Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE), lorgaíonn na húdaráis inniúla cúnamh dlí coiriúil agus cuireann siad ar fáil é de bhun Choinbhinsiún Eorpach Chomhairle na hEorpa um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla (ETS Uimh. 30) agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais amhail Coinbhinsiún an 29 Márta 2000 maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Ar deireadh, ba chóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, toisc gur cásanna neamhchoitianta iad na cásanna ina dtugtar breithiúnas ar dhuine *in absentia* in Éirinn, go n-eisítear BGENna chun críocha ionchúisimh den chuid is mó, agus é sin á shainiú mar an tráth is dócha a dtabharfar an duine os comhair cúirte le haghaidh trialach.

Agus BGE á fhorghníomhú acu, d'admhaigh ionadaithe Éireannacha mar is ceart nach fúthusan a bhíonn sé measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht BGE isteach agus, dá bhrí sin, go ndéanann siad an BGE a fhorghníomhú. Ní dhiúltaíonn siad an BGE ach amháin más léir nach chun críche 'ionchúisimh' é, ach chun fianaise a bhailiú.

Thug na saineolaithe dá n-aire agus ba gheal leo go ndearna reachtóir na hÉireann roinnt easnamh a tarraingíodh anuas le linn an 4^ú babhta de na meastóireachtaí frithpháirteacha a chur ina gceart. Mar sin féin, níl an tAcht reatha – Acht BGE 2003 – i gcomhréir go hiomlán fós le Cinneadh Réime BGE ar roinnt bealaí, go príomha maidir leis na forais lena dhiúltú. Thug an fhoireann meastóireachta faoi deara freisin, mar shampla, gur cuireadh moilleanna suntasacha ar an gcinneadh deiridh uaireanta fós mar thoradh ar imeachtaí inmheánacha agus réitigh iolracha i gcoinne cinneadh maidir le tabhairt suas, moilleanna nár chomhlíon na teorainneacha ama dá bhforáiltear i gCinneadh Réime BGE. Dá bhrí sin, moltar d'údaráis na hÉireann bearta a ghlacadh chun teorainn a chur le moilleanna mar sin.

Mhínigh údaráis na hÉireann go raibh siad i mbun leasú a dhéanamh ar Acht BGE 2003 chun réiteach a dhéanamh ar shárúithe arna liostú i litir fógra fhoirmiúil Dheireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún, inar luadh gur theip ar Éirinn 17 bhforáil de Chinneadh Réime BGE a thrasú ar bhealach leordhóthanach.

D'ullmhaigh an Roinn Dlí agus Cirt **Scéim Ghinearálta de Bhille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú)**, a foilsíodh i mí Iúil 2021. Tá an Bille á dhréachtú faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne.

1.2. Cinneadh Réime 2008/909/CGB

Tá moill ar Éirinn Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle ('CR 2008/909/CGB') a thrasú; Tá dul chun cinn déanta i bParlaimint na hÉireann ag an mBille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta) ('Bille 103 de 2021') a bhfuil sé beartaithe leis CR 2008/909/CGB a chur chun feidhme, agus bhíothas ag ceapadh go n-achtófaí é agus go dtiocfadh sé i bhfeidhm laistigh de 6-8 seachtaine ón gcuairt mheastóireachta¹.

Faoi na nósanna imeachta náisiúnta atá le tabhairt isteach chun CR 2008/909/CGB a chur chun feidhme, comhroinnfear an fhreagracht – mar údarás eisiúna agus mar údarás forghníomhaitheach araon – idir an fheidhm feidhmiúcháin (an fheidhm aireachta) agus an fheidhm bhreithiúnach. Maidir le haistrithe amach, tá an tAire Dlí agus Cirt ainmnithe mar an t-údarás inniúil, agus is feidhmeanna teoranta atá ag na cúirteanna. Maidir le haistrithe isteach, is iad na cúirteanna na húdaráis inniúla, ach is í an Roinn Dlí agus Cirt, arb í an tÚdarás Lárnach freisin í, a dhéanann an cinneadh maidir le toiliú le haistriú faoi Airteagal 4(3) agus a dhéanann an t-athshlánú sóisialta a mheasúnú.

Faoi Bille 103 de 2021, tá sé ina réamhchoinníoll chun go bhféadfar deimhniú a eisiúint go gcinnfí go n-éascódh an t-aistriú an t-athshlánú sóisialta, agus tá sé ráite ag údaráis na hÉireann go bhfuil tuairim an duine a cuireadh pianbhreith air ina gné lárnach den chinneadh ar an deimhniú a eisiúint. Is é tuairim na saineolaithe gurb amhlaidh, a luaithe a thiocfaidh an dlí i bhfeidhm, cé gur cheart tuairim an duine a cuireadh pianbhreith air a mheas, gur den tábhacht é freisin nach ar bhonn na tuairime/an chomhdhearcaidh sin amháin a dhéanfaí an cinneadh. Go deimhin, ní mór an cinneadh a dhéanamh chun an t-athshlánú sóisialta a fheabhsú, agus chun na críche sin amháin.

Ós rud é nár cuireadh Cinneadh Réime 2008/909/CGB chun feidhme fós, níl na saineolaithe in ann a mheas ná a fháil amach an dtagann fadhbanna chun cinn maidir leis an nasc idir Cinneadh Réime BGE agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta.

¹ Tar éis na meastóireachta ar an láthair, chuir údaráis na hÉireann in iúl do na saineolaithe go dtiocfadh CR 2008/909/CGB i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022.

1.3. Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le promhadh agus maidir le smachtbhannaí malartacha

Rinneadh Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le promhadh agus maidir le smachtbhannaí malartacha ('CR 2008/947/CGB') a thrasú i reachtaíocht náisiúnta na hÉireann trí achtú agus tosach feidhme an Achta um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh), 2019.

Tá feidhmeanna an údaráis inniúil in Éirinn roinnte idir an tAire agus na cúirteanna iomchuí; mar sin féin, tá an tSeirbhís Promhaidh ainmnithe ag an Aire mar an tÚdarás Inniúil a dhéanann ionadaíocht ar an Aire. Ní raibh an bhfoireann meastóireachta in ann sonraí a fháil maidir le sásraí malartaithe faisnéise agus roinnt na bhfreagrachtaí idir an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Promhaidh agus na cúirteanna cuí. Thuairiscigh údaráis na hÉireann go raibh forbairt na bprótacal comhair idir an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Promhaidh agus na cúirteanna cuí fós ag dul ar aghaidh.

Shainaithin na saineolaithe a lán cásanna inar tharla cumarsáid neamhéifeachtúil idir údaráis inniúla na mBallstát.

Ba mhaith leis an bhfoireann meastóireachta a chur in iúl nach bhfuil a ndóthain gníomhaíochtaí múscailte feasachta, scaipthe faisnéise agus oiliúna déanta ag údaráis na hÉireann in Éirinn maidir le CR 2008/947/CGB a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta.

1.4. Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach

Rinneadh Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, maidir le cinntí maidir le bearta maoirseachta mar mhalairt ar choinneáil shealadach ('CR 2009/829/CGB') a thrasú i reachtaíocht náisiúnta na hÉireann trí achtú agus trí thosach feidhme an Achta um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach Cinntí maidir le Bearta Maoirseachta) 2020. Tháinig an tAcht sin i bhfeidhm an 5 Feabhra 2021.

Sa chás gurb í Éire an Stát eisiúna, is é an tÚdarás Inniúil an chúirt atá inniúil chun bearta maoirseachta a fhorchur ar an duine lena mbaineann.

Más rud é gurb í Éire an Ballstát forghníomhaitheach, is í an Chúirt Dúiche an tÚdarás Inniúil, nó, i gcás cionta áirithe, is í an Ard-Chúirt an tÚdarás Inniúil. Déanann an Garda Síochána faireachán ar an gcinneadh ina dhiaidh sin.

Is fiú a thabhairt faoi deara, ón uair a trasúodh CR 2009/829/CGB i reachtaíocht náisiúnta na hÉireann, nár taifeadadh aon iarrataí ar aistriú isteach ná ar aistriú amach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon taithí phraiticiúil ann ar chur i bhfeidhm CR2009/829/CGB. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí múscailte feasachta do ghairmithe ceartais choiriúil maidir leis an ábhar sin.

2. RÉAMHRÁ

Tar éis Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997 a bheith glactha, bunaíodh sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme, ar an leibhéal náisiúnta, na ngealltanais idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe.

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997, chinn CATS ag an ggruinníú a bhí aige an 21 Samhain 2018 go ndíreofaí an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

Mar gheall ar raon leathan na n-ionstraimí dlíthiúla i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh agus a raon feidhme leathan, comhaontaíodh ag an ggruinníú a bhí ag CATS an 12 Feabhra 2019 go ndíreofaí sa mheastóireacht ar na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh seo a leanas:

- Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit,
- Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach ('Pianbhreitheanna coimeádta'),

- Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais agus ar chinntí promhaidh d'fhonn bearta promhaidh agus smachtbhannaí malartacha a mhaoirsiú ('promhadh agus bearta malartacha'). Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach.

Ag an gcruinniú thuas a bhí ag CATS, comhaontaíodh freisin nach ndíreofaí sa mheastóireacht ach ar na gnéithe sonracha sin de na hionstraimí sin ar mheas na Ballstáit gur cheart aird ar leith a thabhairt orthu, mar a leagtar amach go mionsonraithe in 6333/19, agus ar an nasc idir na naisc dhlíthiúla agus oibríochtúla idir CR 2002/584/CGB maidir leis an BGE agus CR 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeáda.

Agus tagairt á déanamh do FD 2008/947/JHA maidir le bearta promhaidh agus malartacha agus do FD 2009/829/JHA maidir leis an ESO, cinneadh gur de chineál sách ginearálta a bheadh an mheastóireacht agus go ndéanfaí iarracht na cúiseanna a shuíomh a raibh an dá Chinneadh Réime sin á gcur i bhfeidhm go hannamh.

Is é is aidhm don 9^ú babhta meastóireachta frithpháirtí breisluach iarbhír a chur ar fáil tríd an deis a thabhairt, trí chuirteanna ar an láthair, breithniú a dhéanamh ní hamháin ar na saincheisteanna dlí ach freisin – agus go háirithe – ar ghnéithe ábhartha praiticiúla agus oibríochtúla a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann cleachtóirí na hionstraimí sin a chur chun feidhme i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla. D'fhágfaid sé sin go bhféadfaí easnaimh agus réimsí le haghaidh feabhais a shainithint, mar aon le dea-chleachtais a bheadh le comhroinnt idir na Ballstáit, agus ar an gcaoi sin rannchuideodh sé lena áirithiú go gcuirfí prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ag gach céim d'imeachtaí coiriúla ar fud an Aontais.

Ar bhonn níos ginearálta, trí chur chun feidhme comhleanúnach éifeachtach an phacáiste ionstraimí dlí sin a chur chun cinn agus lánacmhainneacht á baint as, d'fhéadfaí rannchuidiú go mór le muinín fhrithpháirteach idir údarais bhreithiúnacha na mBallstát a fheabhsú agus le feidhmiú níos fearr an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann in ábhair choiriúla a áirithiú laistigh de réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.

Ina theannta sin, leis an bpróiseas meastóireachta atá ar siúl faoi láthair d'fhéadfaí ionchur úsáideach a chur ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil gach gné de na hionstraimí éagsúla curtha chun feidhme acu.

Ba í Éire an 27ú Ballstát a cuireadh faoi mheastóireacht le linn an bhabhta meastóireachtaí seo, mar a fhoráiltear in ord na gcuartheanna ar na Ballstáit arna ghlacadh ag CATS an 13 Bealtaine 2019 agus arna leasú ina dhiaidh sin ar mholadh ó Bhallstáit áirithe agus in éagmais aon agóidí (ST 9278/19 REV 2).

I gcomhréir le hAirteagal 3 den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach, dhréachtaigh an Uachtaránacht liosta saineolaithe sna meastóireachtaí atá le déanamh. D'ainmnigh na Ballstáit saineolaithe a bhfuil eolas fairsing praiticiúil acu ar an réimse de bhun iarraidh i scríbhinn arna seoladh ag Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh chuig na toscaireachtaí Dé hAoine, 17 Bealtaine 2019.

Triúr saineolaithe náisiúnta atá ar an bhfoireann meastóireachta, agus tacaíocht acu ó bhall foirne amháin nó níos mó ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus ó bhreathnóirí. Maidir leis an 9^ú babhta meastóireachtaí frithpháirteacha, comhaontaíodh gur cheart cuireadh a thabhairt don Choimisiún Eorpach, do Eurojust agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach mar bhreathnóirí.

Ba iad Imants Jurevicius (an Laitvia), Paola Cameran (an Iodáil) agus Manuel Olmedo (an Spáinn) na saineolaithe ar cuireadh de chúram orthu meastóireacht a dhéanamh ar Éirinn. Bhí breathnóirí i láthair freisin: Christine Janssens (Eurojust), in éineacht le Carmen Giuffrida ó Ardrúnaíocht na Comhairle.

Is í an fhoireann saineolaithe a d'ullmhaigh an tuarascáil seo le cúnaimh ó Ardrúnaíocht na Comhairle, bunaithe ar thorthaí na cuairte meastóireachta a tugadh ar Éirinn idir an 29 Samhain agus an 3 Nollaig 2021, agus ar fhreagraí mionsonraithe na hÉireann ar an gceistneoir meastóireachta mar aon lena freagraí mionsonraithe ar na ceistanna leantacha ina dhiaidh sin.

3. CINNEADH RÉIME 2002/584/CGB MAIDIR LEIS AN mBARÁNTAS GABHÁLA EORPACH (BGE)

3.1. Údaráis atá inniúil maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (BGE)

Údaráis eisiúna

Faoi alt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 ('Acht BGE 2003'), arna leasú, is iad na Cúirteanna Dúiche, na Cúirteanna Cuarda, an Ard-Chúirt nó Cúirt Choiriúil Speisialta na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna. Eisítear iarrataí ar iarratas arna dhéanamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (OSIP).

A luaithe a eisíonn an Chúirt BGE, cuireann OSIP ar aghaidh é chuig an nGarda Síochána, a chuireann foláireamh sa siúl i gcóras SIS II, a bhfuil Éire nasctha leis ón 15 Márta 2021. Sula raibh Éire páirteach in SIS II, dhéanadh an tÚdarás Lárnach BGenna a tharchur go díreach chuig Ballstát (alt 34 d'Acht BGE 2003). Mhínigh údaráis na hÉireann gur ullmhaíodh go maith an nasc le SIS II agus gur éirigh go seolta leis tríd is tríd (ní raibh ach mionfhadhbanna ann sa chéim thosaigh). Oibríonn Éire leis an gcóras PULSE, a athraíodh chun é a chomhtháthú le SIS II agus ionas go mbeadh córas lán-chomhtháite ann. Is córas nua bainistithe cásanna é Garda International Bureau (GIBS) a forbraíodh chun tacú leis an oifig nua SIRENE. Chuir údaráis na hÉireann na próisis éagsúla a bhaineann le hAirteagal 26 i láthair. Bhí an fhoireann meastóireachta sásta le saineolas na n-údarás agus le cáilíocht an chórais. Measadh gur dea-chleachtas é cruinnithe rialta idir na húdaráis inniúla uile lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ar deireadh, ba chóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, toisc gur cásanna neamhchoitianta iad na cásanna ina dtugtar breithiúnas ar dhuine *in absentia* in Éirinn, go n-eisítear BGenna chun críocha ionchúisimh den chuid is mó, agus é sin á shainiú mar an tráth is dócha a dtabharfar an duine os comhair cúirte le haghaidh trialach.

Údaráis fhorghníomhaitheacha

De réir alt 9 d’Acht BGE 2003, is í an Ard-Chúirt, arna iarraidh sin ag OPAS, an t-údarás inniúil fhorghníomhaitheach.

Ó thosaigh Éire le bheith go hiomlán páirteach i gcóras SIS II (Márta 2021), cuirtear tús leis an bpróiseas aon uair a bhraitear duine atá faoi réir foláirimh a bheith in Éirinn. Sa chás sin, déantar an duine a ghabháil agus cuirtear an choinneáil in iúl láithreach do OPAS, a chuireann an cás i láthair don chéad éisteacht os comhair na hArd-Chúirte (alt 14 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003). Déantar an chéad éisteacht sin taobh istigh de roinnt uaireanta an chloig. Féadfar an cosantóir a chur faoi bhannaí go dtí go ndéantar an éisteacht iomlán nó féadfar é/i a athchur faoi choimeád. Féadfaidh an Ard-Chúirt iarrataí ar fhaisnéis bhreise a ghlacadh, agus cuirtear ar aghaidh iad chuig údarás an Bhallstáit eisiúna tríd an Roinn Dlí agus Cirt. Deonaítear an ceart don chosantóir cúnaimh a fháil ó dhlíodóir, ó atur nae nó ó abhcóide, a fhéadfaidh agóid a dhéanamh i gcoinne an tabhairt suas ar fhorais éagsúla. Is iad seo a leanas an dá phríomhchatagóir de na hagóidí sin: an sárú a d’fhéadfadh a dhéanamh ar chearta an duine a bhaineann le dálaí príosúin agus coinneála sa Bhallstát eisiúna; agus breithiúnais *in absentia*. D’fhéadfadh fadhb an tseach-chríochachais teacht chun cinn freisin le linn na n-éisteachtaí sin. Déanfar anailís ar na hagóidí sin go léir níos déanaí i roinn 3.4 den tuarascáil seo.

An cinneadh arna ghlacadh ag an Ard-Chúirt maidir le tabhairt suas, féadfar agóid a dhéanamh ina choinne os comhair na Cúirte Achomhairc ar choinníoll go ndéanfaidh cead don chosantóir é sin a dhéanamh. D’fhéadfaí leigheas breise a dheonú do chosantóir agus is féidir leis an gcosantóir, sa chás sin, agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair na Cúirte Uachtaraí. Mar thoradh ar na réitigh sin, is minic nach gcomhlíontar na teorainneacha ama a bhforáiltear dóibh in CR BGE.

Tugtar fógra do Eurojust i gcónaí, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 17(7) de CR BGE agus faoi alt 16 d’Acht BGE 2003 agus mar a dheimhnítear le staidreamh Eurojust.

Ar thaobh amháin, measann an fhoireann meastóireachta gurb é an fógra sin an dea-chleachtas agus tugann sí dá haire go gcomhlíontar leis freisin na moltaí a rinneadh le linn an 4ú babhta meastóireachtaí frithpháirteacha; ar an taobh eile, cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil gá le bearta breise in Éirinn chun a áirithiú go gcomhlíontar teorainneacha ama. Chuir údaráis na hÉireann in iúl do na saineolaithe gurb amhlaidh, tar éis Scéim Ghinearálta an Bhille um Barántas Gabhála Eorpach (Leasú) 2021, arna fhormheas ag an Rialtas an 21 Iúil 2021, go leasófar ailt 15 agus 16 chun a áirithiú go ndéanfar na teorainneacha ama a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr (féach alt 3.5 den tuarascáil seo).

An tÚdarás Lárnach

Ainmníodh an Roinn Dlí agus Cirt mar an tÚdarás Lárnach. Cuireann biúró SIRENE sa Gharda Síochána an Roinn Dlí agus Cirt ar an eolas aon uair a bhraitear i mBallstát duine atá á lorg. Má bhíonn aon fhaisnéis bhreise de dhíth ar an mBallstát forghníomhaitheach, déantar í a tharchur chuig an gCúirt tríd an Roinn Dlí agus Cirt.

Sular cuireadh córas SIS II chun feidhme go hiomlán in Éirinn, dhéantaí gach iarraidh ar fhorghníomhú BGE a chomhdú tríd an Roinn Dlí agus Cirt (alt 12 d'Acht BGE 2003) agus dhéanadh an Roinn Dlí agus Cirt seiceáil riaracháin ar na BGE. D'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh ar na seiceálacha sin go ndéanfaí iarraidh ar thuilleadh faisnéise a chur faoi bhráid an Bhallstáit eisiúna, nó fiú go ndiúltófaí an BGE *in limine*.

Thug na saineolaithe dá n-aire go ndearnadh leasú ar alt 20 d'Acht BGE 2003 ó rinneadh an 4^ú babhta de na meastóireachtaí frithpháirteacha chun ról an Údaráis Lárnaigh a léiriú níos soiléire mar a fhoráiltear dó i gCinneadh Réime BGE. Faoi láthair, ní bhíonn an Roinn Dlí agus Cirt rannpháirteach a thuilleadh in idirghníomhaíocht leis an dlínse eile ar a thionscnamh féin; is thar ceann na cúirte amháin a dhéanann sé amhlaidh. Chuir údaráis na hÉireann i dtreis nár chuir ról an Údaráis Lárnaigh moill ar an bpróiseas, agus gurb amhlaidh gur éascaíodh an chumarsáid dá bharr.

3.2. Prionsabal na comhréireachta

Dealraíonn sé go mbaineann Údaráis na hÉireann úsáid chuí as prionsabal na comhréireachta, mar a mholtar i Lámhleabhar BGE an Choimisiúin, a mbaineann na húdaráis inniúla úsáid as mar aon le treoirlínte breise atá bunaithe ar an Lámhleabhar.

Mar údaráis eisiúna, tá na coinníollacha maidir le BGE a eisiúint faoi dhlí na hÉireann leagtha amach in alt 33 d'Acht BGE 2003, arna leasú.

Is é OSIP is mó a chuireann an tástáil chomhréireachta i bhfeidhm nuair a fhaigheann sé iarraidh ar BGE ón nGarda Síochána. Tá an Garda Síochána féin eolach ar an tástáil sin agus dá bhrí sin cuireann sé an tástáil i bhfeidhm freisin sula gcuireann sé iarraidh faoi bhráid OSIP.

Ní mór a rá nach lorgaíonn OSIP BGE in Éirinn ach amháin le haghaidh cionta a thagann faoi Airteagal 2(1) den Chinneadh Réime.

Áirítear sa tástáil chomhréireachta seiceáil a dhéanamh ar dhéine na coire, ar an mbail atá ar an íospartach, ar an bpionós atá i gceist agus ar an am atá caite ó rinneadh an cion.

Thuairiscigh ionadaithe na hÉireann gurb amhlaidh, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na tástála comhréireachta, nár dhiúltaigh an Chúirt fós d'iarraidh ar bith ar BGE a eisiúint.

Nuair is gá d'Éirinn, mar údarás eisiúna, duine a cheistiú sular féidir léi cinneadh a dhéanamh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh, ní úsáideann údaráis na hÉireann BGE, rud atá go hiomlán i gcomhréir le Cinneadh Réime BGE. Sa chás sin, toisc nár roghnaigh Éire páirt a ghlacadh san Ordú Imscrúdaithe Eorpach, lorgóidh na húdaráis inniúla cúnamh dlí coiriúil agus cuirfidh siad ar fáil é de bhun Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chúnamh Frithpháirteach Dlí agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais amhail Coinbhinsiún an 29 Márta 2000 maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

Is fiú a thabhairt chun suntais freisin nach n-iarrtar BGE ar bith agus nach n-eisítear é le linn chéim an imscrúdaithe; ní dhéantar é sin ach amháin le linn chéim an ionchúisimh. Mar sin féin, cé gur cosúil gur critéar riachtanach é cás a bheith réidh le haghaidh ionchúisimh, ní éilítear leis sin, de réir chásdlí Chúirt Uachtarach na hÉireann, gur gá go ndearnadh an chéim fhoirmiúil 'díotála' roimh an tabhairt suas. Creideann údaráis na hÉireann gur saincheist é sin freisin a d'fhéadfadh teacht faoi bhráid CBAE faoi dheireadh chun tuilleadh soiléirithe a fháil.

Mar an t-údarás forghníomhaitheach, thuairiscigh ionadaithe na hÉireann gurb amhlaidh, dar leo, nach ndéanann údaráis eisiúna Ballstát eile measúnú i gceart i gcónaí ar an 'gcomhréireacht' sula n-eisíonn siad BGE. Mar sin féin, d'admhaigh siad mar is ceart nach fúthusan atá sé measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht BGE isteach agus, dá réir sin, go bhforghníomhaíonn siad an BGE.

I gcásanna eisceachtúla áirithe, d'fhéadfadh sé go ndiúltódh údaráis na hÉireann BGE a fhorghníomhú más léir nach chun críche 'ionchúiseamh' a dhéanamh atá an BGE ach chun fianaise a bhailiú, agus go bhfuil an cás fós sa chéim imscrúdaitheach.

3.3. Malartú faisnéise

Maidir le BGEnna isteach, lorgáítear soiléiriú breise maidir le dálaí príosúin, maidir le breithiúnais a thugtar *in absentia* agus maidir le neamhspleáchas sheirbhísí breithiúnacha agus sheirbhísí ionchúisimh na mBallstát.

Go ginearálta, comhlíonann na Ballstáit na spriocdhátaí a leagtar síos maidir le haon fhaisnéis bhreise den sórt sin a sholáthar. Shoiléirigh údaráis na hÉireann freisin nár nós leo sprioc-amanna gearra a shocrú chun freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise agus gur aontaigh siad an spriocdháta a shíneadh más gá.

Ó am go chéile iarrann siad ar Eurojust freagraí a fháil, go háirithe i ndáil le cásanna práinneacha, mar a dheimhnítear i staidreamh Eurojust. Os a choinne sin, ní théitear i muinín an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (EJN) chomh minic céanna i gcomhthéacs an BGE, ach téann ionchúisitheoirí in OSIP, go minic, i muinín na n-uirlisí praiticiúla ar líne atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EJN trí dhá phointe teagmhála de chuid EJN in OSIP.

Maidir le BGEnna amach, dúirt údaráis na hÉireann gurb annamh a fhaigheann siad iarrataí ar fhaisnéis bhreise ó Bhallstáit eile de chuid an Aontais, ach go bhfuair siad roinnt iarrataí ón Ríocht Aontaithe (e.g. faisnéis maidir le himeacht aimsire; dálaí príosúin; an duine d'éalú; etc.). Níl raibh aon chás ag údaráis na hÉireann nach measfaí gur faisnéis 'riachtanach' í an fhaisnéis a bhí á lorg ag na húdaráis fhorghníomhaitheacha. Níl OSIP ar an eolas faoi aon chásanna ina n-iarrtar breithiúnais agus doiciméid tacaíochta bhreise nach bhfuil gá leo, ar bhonn rialta ar a laghad. Cuirtear OSIP ar an eolas maidir le faisnéis leantach áirithe, amhail fad na tréimhse coinneála.

3.4. Forais le diúltú

Le linn na cuairte meastóireachta, mhínigh údaráis na hÉireann go raibh siad i mbun leasú a dhéanamh ar an Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 chun réiteach a dhéanamh ar shárúithe arna liostú i litir fógra fhoirmiúil Dheireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún, inar luadh gur theip ar Éirinn 17 bhforáil de Chinneadh Réime BGE a thrasú go leordhóthanach.

D'ullmhaigh an Roinn Dlí agus Cirt **Scéim Ghinearálta den Bhille um Barántas Gabhála Eorpach**, a foilsíodh i mí Iúil 2021. Tá an Bille á dhréachtú faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne.

Ba cheart bailchríoch a chur ar na leasuithe ar an Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003, arna bhformheas ag an Rialtas an 21 Iúil 2021, ionas go mbeidh an tAcht ailínithe ar bhealach níos dlúithe le Cinneadh Réime BGE. Ba cheart, go háirithe, na hait seo a leanas den Acht a leasú go cuí, mar a fhoráiltear sa doiciméad a rith an Rialtas an 21 Iúil 2021:

- Alt 13(2), ina gcuirtear oibleagáid formhuiniú a dhéanamh ('déanfaidh') in ionad an fhormhuinithe roghnaigh ('féadfaidh').
- Alt 14A nua chun Airteagal 18(1) go (3) agus Airteagal 19(4) go (6) de Chinneadh Réime BGE a thrasú go hiomlán.
- Alt 15, i bhfo-ailt éagsúla, chun ailíniú iomlán a bhaint amach le Cinneadh Réime BGE maidir le teorainneacha ama i gcás toiliú le tabhairt suas agus maidir le prionsabal na speisialtacha.
- Alt 16, ina gcuirtear oibleagáid formhuiniú a dhéanamh ('déanfaidh') in ionad formhuiniú roghnach ('féadfaidh') agus ina ndéantar dlús a chur le teagmháil idir na húdaráis.
- Alt 18, chun dlús a chur leis an teagmháil idir údaráis.
- Alt 19, maidir le tabhairt suas coinníollach.
- Alt 21A, ar thabhairt suas a dhiúltú i gcás nach bhfuil aon chinneadh ann ionchúiseamh a dhéanamh, a scriosadh.
- Alt 22(7), ina ndéantar oibleagáid ('déanfaidh') a chur in ionad lánrogha na hArd-Chúirte ('féadfaidh') agus teorainn ama a leagan síos faoina gcaithfear riail na speisialtacha a chur ó fheidhm.
- Alt 23(5), ina ndéantar oibleagáid ('déanfaidh') a chur in ionad lánrogha na hArd-Chúirte ('féadfaidh') agus teorainn ama a leagan síos faoina gcaithfear toiliú a thabhairt, sa chás seo maidir le tabhairt suas nó eiseachadadh ina dhiaidh sin chuig Ballstát eile.
- Alt nua (30A), maidir le comhshocraíochtaí eiseachadta le tríú tíortha, a chur isteach.
- Alt nua (35A), maidir leis na ráthaíochtaí a bhaineann le pianbhreitheanna coimeádta arna bhforchur *in absentia*, a chur isteach.
- Alt 37(1b) agus (1c) chun nach ndéanfar tabhairt suas a dhiúltú bunaithe ar Bhunreacht na hÉireann amháin gan tuilleadh breithnithe.
- Ailt 39 agus 41(1) ar fhorais le haghaidh neamhfhorghníomhú sainordaitheach i gcás pardúin nó ilphardúin agus i gcás contúirt dhúbailte.

- Alt 42 maidir le forais le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach i gcás an duine a bheith á (h)ionchúiseamh in Éirinn.
- Alt 45, maidir le cásanna daoine a chiontaítear *in absentia*.
- Alt 46, maidir le pribhléidí agus díolúintí.

Tugtar aghaidh sna leasuithe thuasluaite go léir ar litir fógra fhoirmiúil an 30 Deireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún agus ní mór iad a chur i gcrích go hiomlán d’fhonn ailíniú níos fearr a bhaint amach idir an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 agus Cinneadh Réime BGE. Rinne an fhoireann meastóireachta measúnú dearfach ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag údaráis na hÉireann a gcuid reachtaíochta a chur i gcomhréir níos fearr le Cinneadh Réime BGE agus tá sí ag dréim leis go nglacfaidh an Pharlaimint leis an Acht go luath i gcomhréir leis an méid thuas.

3.4.1. Diúltú i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann go sárófar cearta bunúsacha i ndáil le coinneáil

Tá údaráis náisiúnta na hÉireann tar éis a bheith páirteach, mar údaráis eisiúna agus forghníomhaitheacha araon, in imeachtaí BGE i gcás inar tarraingíodh anuas saincheistanna a bhaineann le coinníollacha coinneála.

Mar **an Ballstát eisiúna**, d’iarr údaráis na Ríochta Aontaithe faisnéis bhreise ar Éirinn maidir le saoráidí sláintíochta a bheith i gcealla i roinnt príosún in Éirinn. Bhíodh an easpa saoráidí sláintíochta ann i seanphríosúin, ach – de réir ar tuairiscíodh don fhoireann meastóireachta – ní ann don fhadhb a thuilleadh.

Mar **an Ballstát forghníomhaitheach**, tharraing cosantóirí an tsaincheist sin anuas go minic. Ní dhéantar aon seiceálacha ar bhonn *ex officio* ar an riosca go bhféadfaí sárú a dhéanamh ar chearta bunúsacha i ndáil le dálaí coinneála sa Stát eisiúna. De ghnáth, is faoi dhlíodóir an chosantóra a bhíonn sé fianaise a thíolacadh, amhail tuarascálacha ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus fiú tuarascálacha ó shaineolaithe.

Féadfaidh údaráis an Bhallstáit eisiúna faisnéis bhreise a iarraidh ansin tríd an Roinn Dlí agus Cirt lena sheiceáil go gcomhlíonann na dálaí príosúin agus coinneála sa Bhallstát eisiúna na caighdeáin íosta arna gcinneadh ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Baineann na hiarrataí den chuid is mó le spás cille, le cúram leighis agus le sábháilteacht phearsanta. Leagtar síos sprioc-am don údarás eisiúna agus cloítear leis i gcoitinne. Mura gcloítear le sprioc-am nó mura ndéantar an fhaisnéis a iarraidh a chur ar fáil, d'fhéadfadh sé go scaoilfí saor an duine atá á lorg. Mar sin féin, is nós le húdaráis na hÉireann iarracht a dhéanamh BGEanna a fhorghníomhú fiú más gá dul thar sprioc-amanna Chinneadh Réime BGE.

Thuairiscigh údaráis na hÉireann go raibh sé tar éis éirí níos fusa déileáil le cásanna den sórt sin, mar go raibh a fhios ag údaráis eisiúna anois cad ba ghá dóibh a thabhairt, cé go raibh difríochtaí suntasacha fós san fhaisnéis a thugann na Ballstáit éagsúla. I gcásanna áirithe, áfach, mar thoradh ar iarrataí den sórt sin, cuireadh moilleanna suntasacha ar fhorghníomhú BGE, agus d'fhág sé sin fiú gur dhiúltaigh an t-údarás breithiúnach faoi dheireadh BGE a fhorghníomhú. Ina theannta sin, dealraíonn sé fós gur deacair cothromaíocht a bhaint amach agus measúnú a dhéanamh ar shraith tuarascálacha a thíolacann dlíodóir an chosantóra i gcoinne ráthaíochtaí an Bhallstáit eile. Mhol an breitheamh Éireannach a cuireadh faoi agallamh go bhféadfadh gníomhaireacht Eorpach measúnú oifigiúil a dhéanamh ar phríosúin na mBallstát mar réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

3.4.2. *Diúltú i gcás breithiúnas in absentia*

Ó tháinig Cinneadh Réime 2009/299/CGB i bhfeidhm, bhí roinnt dúshlán roimh údaráis náisiúnta na hÉireann maidir le forais le diúltú i gcás breithiúnais *in absentia*. Is é an toradh a bhí ar bhreithiúnais *Tupikas*, *Zdziaszek* agus *Ardic* gur lorgaíodh faisnéis bhreise ina lán cásanna lena mbaineann cinntí *in absentia* chun a áirithiú gur urramaíodh an ceart atá ag duine triail chóir a fháil, de réir mar a léirmhíniigh CBAE é sna cásanna réamhluaite. Ina lán cásanna, chinn údarás breithiúnach na hÉireann go raibh an fhaisnéis a chuir an Ballstát eisiúna ar fáil easnamhach. I roinnt de na cásanna sin, sáraíodh na teorainneacha ama mar thoradh air sin. Measann údarás breithiúnach na hÉireann gur cheart faisnéis níos fairsinge a chur san áireamh in BGE aon uair a bhíonn feidhm ag Airteagal 4a de Chinneadh Réime BGE.

Nuair a bhaineann BGE le pianbhreith lena n-áirítear roinnt ciontuithe agus pianbhreitheanna a chuirtear le chéile in aon phianbhreith amháin, thug údaráis na hÉireann dá n-aire gur cheart don údarás breithiúnach eisiúna cuid D a líonadh isteach, agus gach pianbhreith agus gach pionós ábhartha a lua go sonrach agus go leithleach.

Thuairiscigh an t-údarás breithiúnach freisin go bhfuil roinnt breithiúnais *in absentia* ann nach gcumhdaítear le hAirteagal 4a(1) de CR BGE, e.g. nuair a cuireadh toghairm ar an gcosantóir ag seoladh, nó trí dhuine dá rogha féin. Mhol an t-údarás breithiúnach gur cheart na cásanna sin a chur san áireamh i gCinneadh Réime BGE, fiú má d’admhaigh siad go bhféadfaí na cásanna sin a áireamh ar bhealach éigin i gcásdlí CBAE agus ‘imthosca eile’ á lua acu (féach *Dworzecki*, míreanna 50-51; *Tupikas*, mír 96) nó ‘na himthosca go léir a bhaineann leis an gcás a tugadh os a comhair’ (mar atá socraithe i rialú 2 *in fine* de bhreithiúnas *Zdziaszek*).

3.4.3. *Forais eile le diúltú*

I líon beag cásanna, b’fhéidir dhá cheann nó trí cinn, tarraingíodh anuas prionsabal *ne bis in idem* agus saincheist na coiriúlachta dúbailte (e.g. mainneachtain cothabháil teaghlaigh a íoc) agus diúltaíodh an tabhairt suas dá bharr.

Maidir le hAirteagal 4(7)(b) de Chinneadh Réime BGE, ba cheart a nótáil nach nglacann Éire le dlínse sheach-chríochachais. Níl léirmhíniú d’aon toil fós ag Cúirt Uachtarach na hÉireann ar alt 44 den Acht Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfianaise an airteagail thuasluaite. Le breithiúnas CBAE i gCás C-488/19, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Barántas Gabhála Eorpach – Ciontú arna dhéanamh ag tríú Stát de chuid LEE)* tugadh roinnt soiléireachta maidir le léirmhíniú Airteagal 4(7)(b) de CR BGE.

3.5. Dúshláin bhreise

Thuairiscigh údaráis na hÉireann na dúshláin bhreise seo a leanas:

- **Teorainneacha reachtúla.** Bhí fadhbanna soiléireachta uaireanta ann maidir le dul in éag na teorann reachtúla, e.g. nuair nár áiríodh san fhoirm a chomhlánaigh an t-údarás breithiúnach eisiúna faisnéis riachtanach amhail fionraí na tréimhse teorann sular gabhadh an duine. Tá sé inmholta faisnéis den sórt sin a chur san áireamh láithreach nuair a eisítear an BGE.
- **Náisiúnaigh/cónaithigh de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a fhilleadh (Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime BGE).** Tá fadhbanna ag baint le cur i bhfeidhm an Airteagail sin go dtí seo toisc gur bunaíodh é ar thoiliú an duine iarrtha. Mhínigh údaráis na hÉireann, áfach, go leasófaí alt 45B chun éifeacht a thabhairt do CR 2008/909/CGB agus go mbeadh an tsaincheist réitithe ansin (faoi CR 2008/909/CGB ní bhíonn an toiliú sin de dhíth i gcónaí a thuilleadh).
- **Tabhairt suas sealadach/coinníollach.** Mhínigh údaráis na hÉireann go raibh deacrachtaí acu teacht ar chomhaontuithe ar thabhairt suas sealadach ós rud é go ndéantar bannaí a dheonú mar ghnáthchleachtas in Éirinn. Dá bhrí sin, ní bhíonn fonn ar údaráis na mBallstát eile aontú le tabhairt suas sealadach, agus imní orthu go bhféadfadh sé nach bhfillfeadh an duine iarrtha.
- **Meicníocht *Petruhhin* a chur i bhfeidhm.** Níl aon toirmeasc ag Éirinn ar thabhairt suas a náisiúnach féin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a mhaíomh nach mbeadh feidhm ag líne chásdlí *Petruhhin* maidir le hÉirinn in imthosca ina bhfuil Éireannach á lorg ag tríú tír a n-eiseachadann Éire a saoránaigh féin chuici.
- **BGEanna in iomaíocht lena chéile.** Mhínigh údaráis na hÉireann gur dhéileáil siad ó am go chéile le cásanna ina raibh BGEanna in iomaíocht lena chéile. Tá cur amach acu ar *Threoirlínte Eurojust maidir le hiarrataí ar thabhairt suas agus ar eiseachadadh a bhíonn in iomaíocht lena chéile*, agus is nós leo na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm. Dá mbeadh baint ag Eurojust le cásanna, d'fhéadfaí iad a láimhseáil go han-tapa agus d'fhéadfaí comhairle chomhordaithe agus eolasach a chur ar fáil don údarás forghníomhaitheach trínar cheart BGE a fhorghníomhú (ar an gcéad dul síos), agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh. Cé gur cinnte nach oibleagáid é sin, is féidearthacht í a d'fhéadfaí a mheas i gcásanna a bheidh ann amach anseo.

3.6. Conclúidí

- Go ginearálta, déileálann údaráis na hÉireann i gceart le sásraí Chinneadh Réime BGE. Is dealraitheach go bhfuil eolas an-mhaith ag gach gníomhaí atá rannpháirteach in imeachtaí BGE ar Chinneadh Réime BGE agus ar chásdlí CBAE.
- Tá an fhoireann meastóireachta sásta a fheiceáil go ndearnadh roinnt athruithe chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh sa 4^ú babhta meastóireachtaí frithpháirteacha: tá ról an Údaráis Lárnaigh ag teacht níos mó le Cinneadh Réime BGE agus is cosúil gur leor líon foirne na n-údarás go léir a bhíonn ag déileáil le BGEanna.
- D'fhéadfaí a mheas gur sampla den dea-chleachtas an úsáid a bhaineann údaráis na hÉireann as an tástáil chomhréireachta.
- Chuaigh Éire isteach in SIS II go seolta agus tharla forbairtí an-dearfach ina dhiaidh sin. Tá an córas lán-chomhtháite ag feidhmiú go maith agus ní raibh ach easnaimh teoranta sa chéim thosaigh.
- Tarlaíonn moilleanna suntasacha go mion minic ar an gcinneadh deiridh mar thoradh ar imeachtaí inmheánacha agus ar réitigh iolracha i gcoinne cinneadh maidir le tabhairt suas, rud a chiallaíonn nach gcomhlíontar na teorainneacha ama dá bhforáiltear i gCinneadh Réime BGE. Moltar d'údaráis na hÉireann bearta a ghlacadh chun teorainn a chur le tarluithe den sórt sin.
- Ba cheart do Bhallstáit eile déanamh de réir shampla na hÉireann maidir le fógra a thabhairt do Eurojust faoi chásanna ina dtarlaíonn neamhchomhlíonadh na dteorainneacha ama agus faoi na cúiseanna a bhíonn leis sin, i gcomhréir le hAirteagal 17(7) de Chinneadh Réime BGE.
- Uaireanta bíonn diúltú tabhairt suas nó moilleanna ar an gcinneadh mar thoradh ar bhreithiúnais *in absentia*, go príomha de bharr easpa faisnéise atá riachtanach agus ceart. Ba cheart údaráis na mBallstát eile a spreagadh le bheith níos cruinne agus níos iomláine agus roinn D den fhoirm BGE á líonadh isteach acu. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar reachtóir an Aontais a mhachnamh a dhéanamh ar bhearta a chur i gcrích chun feabhas a chur ar Chinneadh Réime BGE agus/nó ar an teimpléad a bhaineann leis an méid sin.

- Maidir le baol a d'fhéadfadh a bheith ann go sárófar cearta bunúsacha, soiléiríodh an tástáil i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), agus tá feabhas tagtha ar chur i bhfeidhm na tástála sin le blianta beaga anuas, ach tá sé fós ina chúram anásta ar an údarás forghníomhaitheach. Thairis sin, is cosúil go bhfuil cleachtais éagsúla sna Ballstáit maidir leis an oibleagáid (nó an easpa oibleagáide) measúnú a dhéanamh ar bhonn *ex officio*. Maidir leis sin, bheadh cur chuige aonfhoirmeach inmhianaithe ar leibhéal an Aontais.
- Tugann na saineolaithe dá n-aire agus is geal leo go ndearna reachtóir na hÉireann roinnt easnamh a tarraingíodh anuas le linn an 4^ú babhta de na meastóireachtaí frithpháirteacha a chur ina gceart. Ina theannta sin, rinneadh a lán obair reachtaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a liostaítear sa litir fógra fhoirmiúil ón gCoimisiún. Ba gheal leis na saineolaithe é dá nglacfadh an Pharlaimint in am trátha na leasuithe ar Acht BGE 2003 mar a leagtar amach sa Bhille a rith Rialtas na hÉireann an 21 Iúil 2021. Sa chás sin, bheadh na cúiseanna le diúltú agus teorainneacha ama a ailínithe go hiomlán le Cinneadh Réime BGE. Go dtí sin, tá lánrogha éigin ag údarás breithiúnach na hÉireann i ndáil leis an gcinneadh maidir le tabhairt suas nach bhfuil i gcomhréir le Cinneadh Réime BGE.

4. CINNEADH RÉIME 2008/909/CGB MAIDIR LE PRIONSABAL AN AITHEANTAIS FHRITHPHÁIRTIGH A CHUR I BHFEIDHM AR BHREITHIÚNAIS IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA LENA BHFORCHUIRTEAR PIANBHREITHEANNA COIMEÁDTA NÓ BEARTA A BHAINNEANN LE CAILLEADH SAOIRSE CHUN IAD A FHORFHEIDHMIÚ SAN AONTAS EORPACH

Tá moill ar Éirinn Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle ('CR 2008/909/CGB') a thrasuí; tá dul chun cinn déanta i bParlaimint na hÉireann ag an mBille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Phianbhreitheanna Coimeádta) ('Bille 103 de 2021') a bhfuil sé beartaithe leis CR 2008/909/CGB a chur chun feidhme, agus bhíothas ag ceapadh go n-achtófaí é agus go dtiocfadh sé i bhfeidhm laistigh de 6-8 seachtaine ón gcuairt mheastóireachta. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an moill ná saincheisteanna dlí a bhain le scaoileadh saor coinníollach a tháinig chun cinn in 2014 mar gheall ar chásdlí lenar leagadh síos fasach².

Go dtí seo, bainistíodh aistriú príosúnach idirnáisiúnta faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995-1997 agus faoin Acht um Fhorghníomhú Pianbhreitheanna a Aistriú 2005 lena gcuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1983 maidir le hAistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith orthu.

Oibreoidh an córas nua aistrithe príosúnach atá leagtha amach i mBille 103 de 2021 taobh leis an gcóras reatha. Tiocfaidh sé in ionad an Choinbhinsiúin maidir le haistrithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus leanfar d'aistriú príosúnach chuig an Ríocht Aontaithe agus ón Ríocht Aontaithe (agus stáit eile nach bhfuil i gCoinbhinsiún an Aontais Eorpaigh) a dhéanamh faoi Acht 1995.

² Féach *Sweeney v. Governor of Loughan House & Ors* [2014] IESC 42: An córas um scaoileadh saor maoirsithe arna oibriú ag an Ríocht Aontaithe ón bpointe leath bealaigh den phianbhreith, ba chuid de chineál dlíthiúil na pianbhreithe é agus bhí sé ina cheangal ar an stát riaracháin/forghníomhaitheach – ní fhéadfaí téarma níos faide a fhorchur tar éis an aistrithe.

4.1. Na húdaráis atá inniúil ar bhreithiúnas a aithint agus ar phianbhreith a fhorghníomhú

Faoi na nósanna imeachta náisiúnta atá le tabhairt isteach chun CR 2008/909/CGB a chur chun feidhme, comhroinnfear an fhreagracht – mar údarás eisiúna agus mar údarás forghníomhaitheach araon – idir an fheidhm feidhmiúcháin (an fheidhm aireachta) agus an fheidhm bhreithiúnach.

An t-údarás eisiúna

Maidir le haistrithe amach, ainmníodh an tAire Dlí agus Cirt mar an t-údarás inniúil. Is ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá an fhreagracht laethúil as an bpróiseas aistrithe (lena n-áirítear, mar shampla, comhairliúchán leis an Stát forghníomhaitheach), ach is é/í an tAire féin a dhéanann na cinntí deiridh maidir le breithiúnas a chur ar aghaidh. Is gníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt í Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus níl pearsantacht dhlítheanach ar leithligh aici.

Feidhmeanna teoranta atá ag na cúirteanna maidir le haistrithe amach; Den chuid is mó is cinneadh i dtaobh iarrataí maidir le speisialtacht a dhéanann siad agus déanann siad orduithe nuair a éalaíonn duine nó nuair a imíonn sé/sí leis/léi gan chead.

Údaráis fhorghníomhaitheacha

Maidir le haistrithe isteach, beidh na cúirteanna agus an tAire Dlí agus Cirt araon bainteach leo mar údaráis inniúla. Beidh an tAire Dlí agus Cirt inniúil, ar an gcéad dul síos, chun dul i gcomhairle leis an Stát eisiúna agus chun cinntí a dhéanamh maidir le toiliú le haistriú isteach (i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(1)(c)) agus chun tuairim réasúnaithe a eisiúint, agus ina dhiaidh sin chun an phianbhreith a riar (lena n-áirítear luathscaoileadh saor/scaoileadh saor coinníollach).

Beidh na cúirteanna inniúil chun cinntí a dhéanamh maidir le haithint agus chun orduithe forfheidhmithe/cimithe, oiriúnuithe agus aithintí páirteacha a dhéanamh. De réir mar a thuairiscigh ionadaithe na hÉireann, is é/í an tAire Dlí agus Cirt (le tacaíocht ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann) a dhéanfaidh measúnú ar an athshlánú sóisialta. Measann na saineolaithe gur cheart leigheas breithiúnach a chur ar fáil chun go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Aire Dlí agus Cirt gan glacadh leis an bhforghníomhú nuair is mian leis an duine faoi phianbhreith an phianbhreith a chur isteach sa Stát forghníomhaitheach agus má tá cúiseanna aige/aici lena chreidiúint go mbeadh athshlánú níos fearr i ndán dó/di dá bharr.

Forfheidhmíonn an tAire (trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann) an phianbhreith agus déanann sé/sí cinntí maidir le riar na pianbhreithe.

An tÚdarás Lárnach

Déantar teagmháil le húdaráis inniúla Ballstát eile trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ach ní bhíonn aon teagmháil dhíreach ag na húdaráis bhreithiúnacha le húdaráis inniúla eile. Chuir údaráis na hÉireann in iúl gur éascaíodh agus gur brostaíodh, leis an rogha sin, an chumarsáid agus, ag an am céanna, nach raibh aon idirghníomhaíocht leis an údarás inniúil eile i gceist léi.

Oibríonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann go dlúth lena contrapháirtithe i mBallstáit eile agus glacann sí páirt i ngrúpa EuroPris maidir le hoibriú CR 2008/909/CGB. Déanann sí cumarsáid freisin tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach. Rinneadh measúnú dearfach ar na cainéil sin cheana féin ó thaobh teagmhálacha úsáideacha a bhunú le húdaráis na mBallstát eile

Bainistíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann riarachán na n-aistrithe isteach agus na n-aistrithe amach araon go lárnach.

4.2. Doiciméid a theastaíonn chun an breithiúnas a aithint agus an phianbhreith a fhorghníomhú

Foráiltear le halt 6(5) gurb iad seo a leanas na doiciméid is féidir a úsáid chun an breithiúnas a aithint agus an phianbhreith a fhorghníomhú: cóip den deimhniú, cóip den bhreithiúnas, agus aistriúchán ar an deimhniú nó aistriúchán ar an mbreithiúnas. Ní éilítear go sonrach leis an dréacht-reachtaíocht breithiúnas i scríbhinn: sainmhínítear gurb éard is ‘breithiúnas’ ann ‘cinneadh, ordachán nó ordú críochnaitheach’ agus folaítear leis taifead i scríbhinn den chinneadh, den ordachán nó den ordú sin. Níl fógra tugtha ag Éirinn faoi Airteagal 23 maidir le haistriúchán an deimhnithe, agus ní gá, faoin dréacht-reachtaíocht, an breithiúnas a aistriú. Mar sin, i gcás ina mbeidh gá leis an aistriúchán, déanfaidh an tAire socrú chun é sin a dhéanamh gan dul ar iontaoibh an Stáit eisiúna.

Foráiltear le halt 38(2) de Bhille 103 de 2021 go bhféadfaidh an chúirt chuí, sula ndiúltóidh sí géilleadh d'iarratas, doiciméadacht bhreise nó faisnéis bhreise a iarraidh ar údarás inniúil an Stáit eisiúna, agus nach mór don Aire fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi iarraidh den sórt sin. Ós rud é nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill, ní féidir a rá an mbeidh faisnéis fhorlíontach de dhíth go minic. Mar sin féin, ón taithí atá ann ar an gCoinbhinsiún tuigtear gur minic a bhíonn gá le comhairliúchán mionsonraithe leis an Stát eisiúna, go príomha i dtaobh imthosca an cháis inar tugadh breithiúnas ar dhuine *in absentia* (trí úsáid a bhaint as breithiúnais ó chásanna *Tupikas, Zdziaszek* agus *Ardic* chun treoraíocht a fháil).

4.3. Critéir chun éascú an athshlánaithe shóisialta a mheasúnú

Leag údaráis na hÉireann béim ar na critéir chun éascú an athshlánaithe shóisialta a mheasúnú (Airteagal 4(4) de CR 2008/909/CGB, alt 32(2) de Bhille 103 de 2021). Bunaithe ar an méid seo a leanas:

- tuarascálacha ón nGarda Síochána agus ó Sheirbhís Promhaidh na hÉireann;
- tuairim an duine, agus d'fhéadfaí é a bhunú freisin ar chomhairle dlí maidir le himpleachtaí na pianbhreithe don aistriú;
- an measúnú ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Ní mór don Aire aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

1. aon duine de theaghlach an duine faoi phianbhreith a bheith sa Stát forghníomhaitheach;
2. cineál agus méid aon nasc teanga, cultúrtha, sóisialta nó eacnamaíoch idir an duine faoi phianbhreith agus an Stát forghníomhaitheach, agus
3. cibé nithe eile is cúil leis an Aire (alt 16(2)(c) de Bhille 103 de 2021).

4.3.1. Malartú faisnéise idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach

Agus machnamh á dhéanamh i dtaobh ar cheart breithiúnas a chur ar aghaidh, téann Seirbhís Phríosúin na hÉireann i gcomhairle leis an Stát forghníomhaitheach (Airteagal 4(3) agus (4) de CR 2008/909/CGB) agus lorgaítear tuarascálacha ó na húdaráis ábhartha (seirbhísí póilíneachta, promhaidh agus príosúin). Bunaithe ar na cúinsí sin, cuireann Seirbhís Phríosúin na hÉireann moladh faoi bhráid an Aire.

Chun dul ar aghaidh, ní mór gur deimhin leis an Aire go n-éascófaí, dá ndéanfadh an Stát forghníomhaitheach an phianbhreith a fhorfheidhmiú, athshlánú sóisialta an duine faoi phianbhreith agus athimeascadh rathúil an duine sin sa tsochaí ag féachaint do na critéir thuasluaite.

Ós rud é nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill, níor chuir Stát forghníomhaitheach aon tuairim faoi bhráid údaráis náisiúnta na hÉireann go fóill ar bhonn Airteagal 4(4) agus (5) de CR 2008/909/CGB. Mar sin féin, faoi alt 15(2) de Bhille 103 de 2021, tá sé d'oibleagáid ar an Aire tuairimí an Stáit forghníomhaithigh a bhreithniú (lena n-áirítear aon tuairim réasúnaithe a tugadh).

4.3.2. Tuairim an duine faoi phianbhreith agus fógra a thabhairt don duine sin

Is mar seo a leanas atá an dréachtnós imeachta chun ligean don duine faoi phianbhreith a t(h)uairim a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 6(3): féadfar tuairim a sholáthar i dteannta an iarratais tosaigh más é an duine faoi phianbhreith a dhéanann an t-iarratas; mura dtugtar an tuairim sin, nó más páirtí eile a dhéanann an t-iarratas, tabharfar deis don duine a thuairim a thabhairt; féadfar an tuairim a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn, agus má thugtar í ó bhéal, déanfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann socruithe chun í a thairfeadh i scríbhinn.

Is gné thábhachtach den chinneadh i dtaobh an eiseofar an deimhniú í tuairim an duine faoi phianbhreith, ach féadfaidh an tAire a chinneadh deimhniú a eisiúint d'ainneoin nach dtacaíonn an duine faoi phianbhreith leis an aistriú, ar choinníoll gur deimhin leis an Aire go n-éascófaí leis athshlánú sóisialta an duine. Go dtí go dtabharfar CR 2008/909/CGB isteach, tá córas um aistriú á oibriú ag Éirinn atá bunaithe go hiomlán ar thoiliú faoin gCoinbhinsiún, agus tá forchoimeádas curtha isteach aici i ndáil le hAirteagal 3 den Phrótocal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Go ginearálta, is ar iarratas ón duine a rinneadh aistrithe agus, dá réir sin, ní dhearnadh aistrithe go dtí seo murar thacaigh an duine leis. Cuireann na saineolaithe i bhfáth gurb amhlaidh, a luaithe a thiocfaidh an dlí i bhfeidhm, ba cheart tuairim an duine a iarraidh agus a chur san áireamh, ach nár cheart an cinneadh a dhéanamh ar bhonn na tuairime/an chomhdhearcaidh amháin, toisc nach mór é a dhéanamh chun an t-athshlánú sóisialta a fheabhsú agus chun na críche sin amháin.

Phléigh na saineolaithe le toscaireacht na hÉireann cásanna féideartha ina bhféadfadh ‘turasóireacht bhreithiúnach’ tarlú agus iarrachtaí daoine faoi phianbhreith mí-úsáid a bhaint as cuspóir an ‘athimeasctha sa tsochaí’. Baineann sé sin le cásanna ina bhfuil daoine, ar mhaithe le, mar shampla, dálaí príosúin níos compordaí nó leis an sásra luathscaoilte saor, tar éis cuspóirí athimeasctha sóisialta a agairt cé go raibh na naisc a bhí acu leis an tír faoi seach teoranta go leor. Léiríonn na cásanna sin an gá atá le bheith an-aireach agus measúnú á dhéanamh ar chuspóir an athimeasctha shóisialta agus ar thuairim an duine faoi phianbhreith.

Agus CR 2008/909/CGB á chur chun feidhme, tá foráil á déanamh ag Éirinn don fhéidearthacht go ndéanfaí aistriú amach neamh-chomhthoiliúil más rud é:

- go bhfuil an duine á c(h)ur ar ais chuig an Stát baile ina gcónaíonn sé/sí;
- go ndéanfar an duine a dhíbirt/a aistriú chuig a Stát baile ag deireadh a p(h)ianbhreithe mar thoradh ar an mbreithiúnas;
- gur theith an duine chuig an Stát forghníomhaitheach.

D’éileodh aistriú den sórt sin gur deimhin leis an Aire go n-éascódh an t-aistriú ‘athshlánú sóisialta an duine faoi phianbhreith agus athimeascadh rathúil an duine sin sa tsochaí’ (alt 16(2)(c) de Bhille 103 de 2021).

Tá údarás na hÉireann ag dréim leis, i dtéarmaí praiticiúla, ar dtús ar a laghad, gurb é/í an duine faoi phianbhreith a thionscnóidh formhór na n-aistriú.

Féadfaidh an duine faoi phianbhreith a t(h)oiliú a tharraingt siar, i gcás ina bhfuil gá leis an toiliú sin, sula ndéanfaidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaigh cinneadh an breithiúnas a aithint agus an phianbhreith a fhorghníomhú sa Stát sin.

Cuirtear an cinneadh um aistriú in iúl don duine faoi phianbhreith i gcomhréir le hAirteagal 6(4), de bhun ailt 17(1)(b) agus 17(1)(c) de Bhille 103 de 2021. Ina theannta sin, foráiltear le halt 11 de Bhille 103 de 2021 go bhfuil sé d’oibleagáid ar an Aire fógra a thabhairt don duine faoi phianbhreith faoi na nithe seo a leanas:

- cinneadh ón Aire an breithiúnas a chur ar aghaidh i leith an iarratais;
- cinneadh maidir le haitheantas páirteach agus forfheidhmiú páirteach;

- go bhfuarthas cinneadh an breithiúnas a aithint i leith an iarratais;
- go bhfuarthas faisnéis maidir le hoiriúnú na pianbhreithe;
- cinneadh (lena n-áirítear na cúiseanna leis an gcinneadh) an deimhniú a tharraingt siar.

4.4. Oiriúnú na pianbhreithe

D'fhéadfadh sé gur ghá do chúirt chuí an phianbhreith a oiriúnú toisc (i) go bhfuil an fad ama nó (ii) go bhfuil an cineál dlíthiúil ar neamhréir le dlí na hÉireann, mar an Stát forghníomhaitheach agus an Stát eisiúna araon.

Tá saincheisteanna maidir leis an gcineál dlíthiúil tar éis teacht chun cinn i leith pianbhreitheanna neamh-chomhoiriúnacha faoin gCoinbhinsiún. Le cinneadh ó Chúirt Uachtarach na hÉireann in *Sweeney v. Governor of Loughan House & Ors* [2014] IESC 42, cinneadh gur chuid de chineál dlíthiúil na pianbhreithe é an córas um scaoileadh saor coinníollach arna fheidhmiú ag an Ríocht Aontaithe ón bpointe leath bealaigh den phianbhreith, agus go raibh sé ina cheangal ar an Stát riaracháin/forghníomhaitheach. Ba é an impleacht a bhí ag an gcás sin go bhféadfadh sé go mbeadh gá i ngach cás oiriúnú a dhéanamh ar na heilimintí um scaoileadh saor coinníollach de phianbhreith.

Agus CR 2008/909/CGB á thrasú, braitheann an dréacht-reachtaíocht ar Airteagal 17 chun a chinneadh nach cuid de chineál dlíthiúil na pianbhreithe iad na bearta sin, agus gur cheart a mheas ina ionad sin gurb éard atá iontu an riar a dhéanann an Stát forghníomhaitheach ar an bpianbhreith.

Foráiltear le halt 40(5) d'oiriúnú i gcás ina ndéantar fad ama na pianbhreithe a oiriúnú d'fhad ama pianbhreithe arna forordú le dlí na hÉireann i leith cion atá comhchosúil leis an gcion arb ina leith a forchuireadh an phianbhreith.

Sa dá chás sin, is é dlí náisiúnta na hÉireann maidir le cionta den chineál céanna an tagairt, de réir Airteagal 8 de CR 2008/909/CGB. Mar sin féin, tá dearbhú déanta ag Éirinn nach gcuirfidh sí Airteagal 7(1) i bhfeidhm, agus dá bhrí sin go n-éileoidh sí fíorú ar choiriúlacht dhúbailte i ngach cás.

Cé nach bhfuil aon aistarraingtí tar éis tarlú ar an bhforas go bhfuil pianbhreith róbhog tar éis a oiriúnaithe i ndáil le CR 2008/909/CGB, cuireadh dhá phointe i dtábhacht maidir le haistrithe faoin gCoinbhinsiún:

- tá a fhios ag údaráis na hÉireann go bhfuil drogall ar Stáit áirithe príosúnaigh a bhfuil pianbhreith saoil curtha orthu faoi réir íostréimhse coimeádta (pionós) a aistriú más rud é gurb é éifeacht an aistrithe go hÉirinn go ndéantar córas parúil na hÉireann (lena gceadaítear incháilitheacht le haghaidh parúil tar éis 12 bhliain) a chur i bhfeidhm;
- ní dheachaigh an tAire ar aghaidh roimhe seo le haistriú duine ar cuireadh pianbhreith saoil air toisc gur chuir an Stát riaracháin in iúl dó/di gur dócha go mbeadh de thoradh ar oiriúnú go ngearrfaí pianbhreith chinntitheach níos giorra.

Táthar ag ceapadh go mbeidh gá le hoiriúnú le haghaidh pianbhreitheanna sa bhreis ar an uasfhad ama a d'fhéadfaí a fhorchur in Éirinn, agus go bhféadfadh sé go mbeadh gá leis le haghaidh bearta pianbhreithe áirithe (amhail téarmaí coimeádta íosta le haghaidh pianbhreitheanna saoil), ach nach mbeidh gá leis go tráthrialta.

Is léir nach bhfuil aon chás tagtha chun cinn faoi CR 2008/909/CGB go fóill, mar Stát forghníomhaitheach nó mar Stát eisiúna.

4.5. Forais le neamhaithint nó le neamhforghníomhú

Leagtar síos le halt 38(1) na forais ar a bhféadfaidh an chúirt diúltú géilleadh d'iarratas ar bhreithiúnas a aithint agus ar phianbhreith a fhorghníomhú, i gcomhréir le hAirteagal 9 de CR 2008/909/CGB.

Is léir nach bhfuil aon chás tagtha chun cinn go fóill nár tugadh aistriú chun críche nó nár tionscnaíodh aistriú mar gheall ar na dálaí príosúin sa Stát forghníomhaitheach, toisc nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill. Mar sin féin, táthar ag ceapadh – cosúil le himeachtaí BGE inar tarraingíodh anuas argóintí a bhaineann le dálaí coinneála – go dtarlóidh diúltuithe i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann go sárófar cearta bunúsacha. Go deimhin, is féidir úsáid a bhaint as breithiúnais CBAE (go háirithe *tástáil Aranyosi agus Căldăraru*, cé nach bhfuil sé curtha i bhfeidhm go fóill ag CBAE maidir le haistrithe faoi CR 2008/909/CGB) mar threoraíocht don léirmhíniú.

Maidir le mórcheist a mbreithiúnas *in absentia*, féach mír 3.4.2 i ndáil le himeachtaí BGE.

Maidir le cinntí nach bhfuil duine freagrach go coiriúil agus lena bhforchuirtear cúram síciatrach ar an duine, dhéileáil na cúirteanna le déanaí in Éirinn leis an bhféidearthacht go n-aistreofaí daoine a chinntear a bheith neamhchiontach de dheasca gealtachta faoin gCoinbhinsiún i gcás *S. v an tAire Dlí agus Cirt* [2020] IEHC 632. Roimhe seo, ba é tuairim na hÉireann nár ceadaíodh. le reachtaíocht na hÉireann chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme, duine den sórt sin a aistriú faoin gCoinbhinsiún. Rialaigh an Ard-Chúirt in aghaidh an léirmhínithe sin, áfach.

Tá foráil shainráite déanta sa dréacht-reachtaíocht maidir le daoine den sórt sin a aistriú.

4.6. Aitheantas páirteach

Ós rud é nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill, de réir Bhille 103 de 2021:

- Maidir le haistrithe isteach, i gcomhréir le hAirteagal 10 de CR 2008/909/CGB, foráiltear le halt 39 go bhfuil sé de fhreagracht ar an gcúirt a chinneadh an nglacfaidh sí le haithint pháirteach agus forfheidhmiú páirteach breithiúnais i gcás ina bhféadfadh sé nach n-aithneofar é ina iomláine mar gheall ar fhorais le neamhaithint, ach amháin dá ndéanfaí amhlaidh go gcuirfeadh sé le fad ama na pianbhreithe. Déantar foráil sa dréacht-reachtaíocht maidir le tuairimí údarás inniúil an Stáit eisiúna a lorg tríd an Aire agus, i gcás inarb iomchuí, chun go dtoileoidh an Stát eisiúna leis an aithint i ndáil le cuid den bhreithiúnas.
- Maidir le haistrithe amach, féadfaidh an tAire toiliú ar an gcuma chéanna le haistriú a dhéanfar ar bhonn aitheantas a thabhairt do chuid den bhreithiúnas agus don chuid sin amháin.
- Maidir le haitheantais pháirteacha isteach agus amach araon, is é an t-aon teorainn shonrach a fhorchuirtear ná nach gcuirfeadh an aithint pháirteach le fad ama na pianbhreithe. Déantar foráil, áfach, maidir le haistrithe isteach a fhágann nach gá a mheas go bhfuiltear ag cur leis an bhfad ama toisc go bhforfheidhmítear pianbhreith i leith líon níos lú cionta.

4.7. Dúshláin a bhaineann le comhlíonadh an spriocdháta don aithint agus don fhorfheidhmiú

Ós rud é nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill, níl údaráis na hÉireann in ann a thuar an gcomhlíonfar an sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 12(2).

Mar sin féin, mar an Stát forghníomhaitheach, ceanglaítear leis an dréacht-reachtaíocht ar an Aire/ar Seirbhís Phríosúin na hÉireann faisnéis ábhartha a sholáthar don Stát eisiúna faoi alt 50 (go sonrach alt 50(e) maidir le moilleanna).

4.8. An dlí lena rialaítear forfheidhmiú na pianbhreithe

Mar thoradh ar na forálacha is infheidhme de chuid an Stáit forghníomhaigh maidir le luathscaoileadh saor nó scaoileadh saor coinníollach de réir Airteagal 17(1) de CR 2008/909/CGB, féadfar an deimhniú a tharraingt siar in aistrithe isteach agus in aistrithe amach araon.

Ag féachaint d'Éirinn agus í ina Stát forghníomhaitheach, is fiú a bheith ar an eolas go n-oibríonn Éire córas loghadhbhunaithe, a bhforáiltear lena théarmaí caighdeánacha do scaoileadh saor neamhchoinníollach tar éis 75% den phianbhreith a bheith curtha isteach. I gcomhréir le rialú na Cúirte Breithiúnais i gcás *Ognyanov*, is é léirmhíniú na hÉireann nach féidir an loghadh sin a chur i bhfeidhm ach ar an gcuid sin den phianbhreith a chuirtear isteach tar éis an aistrithe.

Dá réir sin, in éagmais foráil le haghaidh Airteagal 17(4) de CR 2008/909/CGB, d'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn ina bhfuil feidhm ag córas um scaoileadh saor coinníollach (i.e. córas lena bhforáiltear do scaoileadh saor uathoibríoch nó lánroghnach faoi réir coinníollacha ag pointe sonraithe sa phianbhreith) agus nach bhfaigheann duine atá ag aistriú go hÉirinn aon tairbhe as an gcóras sin.

Tá forálacha á dtabhairt chun críche faoi láthair le hArd-Aighne na hÉireann chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 17(4) a d'fhágfadh go bhféadfaí a aontú go gcuirfí i bhfeidhm foráil den dlí náisiúnta arna sonrú ag an Stát eisiúna, agus táthar ag ceapadh go dtabharfar isteach sa dréacht-reachtaíocht iad sula n-achtófar í. Ní mór a thabhairt faoi deara go ndearnadh obair fhairsing i gcomhthéacs na dréacht-reachtaíochta i ndáil leis an bhforáil sin.

Ós rud é nach bhfuil an córas á oibriú go fóill, ní féidir a thuar an mbeidh fadhbanna ann a bhaineann le hasbhaint tréimhse um chailleadh saoirse a cuireadh isteach cheana féin sa tír eisiúna.

4.9. Dúshlán bhreise

Ós rud é gur bainistíodh go dtí seo aistriithe príosúnach idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1983, ní raibh aon fhadhbanna praiticiúla ná dlíthiúla ann a bhain le hidirthuras. Níl aon fhadhbanna dlíthiúla ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ó tharla go mbíonn an barántas chun an t-aistriú a chur i gcrích ar láimh cheana féin roimh na socrúithe le haghaidh dáta aistriithe. I dtéarmaí praiticiúla, is iad seo a leanas amháin na saincheisteanna:

- dáta aistriithe oiriúnach a aontú do na páirtithe uile lena mbaineann (acmhainní tionlacain a bheith ar fáil etc.);
- más rud é nach féidir le hoifigeach atá ainmnithe ar an mbarántas an t-aistriú a chur i gcrích a thuilleadh, ní mór barántas nua arna eisiúint ina sonraítear mionsonraí an oifigigh tionlacain ionaid a fháil;
- má chuirtear eitilt ar ceal nó má chuirtear moill ar eitilt.

Go dtí seo (ó 2012 i leith) ní raibh ach aon eachtra amháin ann inar ghá ainm oifigigh a athrú ag an nóiméad deireanach, agus bhí an tAire ar fáil chun an barántas nua a shíniú. Is maith an taithí a fuarthas go dtí seo sa mhéid nár thángthas ar aon mhórbhacainní.

Cuireadh in iúl feabhsuithe inmhianaithe ar an gcomhar trasteorann agus ar an nós imeachta chun an deimhniú a eisiúint agus an breithiúnas a aithint agus a fhorghníomhú:

- de réir Údarás Lárnach na hÉireann, tiocfaidh saincheisteanna chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag bearta um luathscaoileadh saor agus um scaoileadh saor coinníollach maidir le haistriithe isteach. Mar a nótáladh thuas, oibríonn Éire córas um luathscaoileadh saor atá loghadhbhunaithe, agus is é an léirmhíniú atá ar éifeacht chinneadh CBAE i gcás *Ognyanov* nach féidir loghadh a chur i bhfeidhm ar an gcuid sin den phianbhreith a cuireadh isteach roimh an aistriú. Dá réir sin, tá catagóir shaincheaptha maidir le scaoileadh saor feidhmiúcháin á breithniú chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 17(4) chun an fhéidearthacht go gcuirfí méadú suntasach ar an téarma coimeádta *de facto* atá le cur isteach a sheachaint;

- i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar raon na mbeart maoirseachta tar éis scaoileadh saor atá á bhforchur, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathscrúdú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir CR 2008/909/CGB agus CR 2008/947/CGB chun aistriú den sórt sin a éascú ar bhealach éifeachtach. Luaitear go fánach i Lámhleabhar an Choimisiúin gur féidir pianbhreith a cuireadh ar fionraí i bpáirt a aistriú trí úsáid a bhaint as an dá bheart le chéile, agus tagraítear don fhéidearthacht sin i ndrucht-reachtaíocht na hÉireann. D'fhéadfadh tairbhe a bheith le baint as athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na hionstraimí feidhmiú le chéile, agus ar an gá a d'fhéadfadh a bheith ann le leasuithe reachtacha chun a gcomhleanúnachas a fheabhsú.

4.10. Staidreamh

Faoi chóras an Choinbhinsiúin atá ann cheana agus faoin drucht-reachtaíocht le haghaidh Threoir 2008/909/CGB tá oibleagáid reachtach inti ann staidreamh cuimsitheach a choinneáil ar iarratais agus ar aistriú agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina bhfuil mionsonraí faoin staidreamh sin.

Thug an Roinn Dlí agus Cirt an staidreamh seo a leanas um aistriú dúinn le haghaidh 1995-2019:

- 553 iarratas ar aistriú isteach (450 ón Ríocht Aontaithe, 20 ón Spáinn, <10 tíortha eile)
- 154 aistriú isteach curtha i gcrích (133 ón Ríocht Aontaithe)
- 515 iarratas ar aistriú amach (391 ón Ríocht Aontaithe, 39 ón Ísiltír, 13 ón bPolainn, 10 ón Rómáin)
- 194 curtha i gcrích (151 ón Ríocht Aontaithe, 24 ón Ísiltír, <3 ó tíortha eile)

4.11. Conclúidí

- Ós rud é nár cuireadh CR 2008/909/CGB chun feidhme go fóill, is deacair teacht ar chonclúidí. An dréachtfhoráil go ndéanann an tAire Dlí agus Cirt féin an cinneadh toiliú le haistriú isteach nó amach, tá sí i gcomhréir le CR 2008/909/CGB, toisc nach gá, le dlí an Aontais, idirghabháil bhreithiúnach a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh maidir le haistrithe trasteorann, ar choinníoll gur féidir agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh den sórt sin ina dhiaidh sin os comhair údarás breithiúnach. Mar sin féin, measann na saineolaithe gur cheart leigheas breithiúnach a chur ar fáil chun go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Aire Dlí agus Cirt gan glacadh leis an bhforghníomhú nuair is mian leis an duine faoi phianbhreith an phianbhreith a chur isteach sa Stát forghníomhaitheach agus má tá cúiseanna aige lena chreidiúint go mbeadh athshlánú níos fearr i ndán dó dá bharr.
- Measann an fhoireann meastóireachta go bhfuil ‘aistriú amach neamh-chomhthoiliúil’ ina dhifríocht mhór idir an Coinbhinsiún agus CR 2008/909/CGB agus go bhféadfadh sé a bheith ina dhúshlán. Is fiú a nótáil gurb amhlaidh, faoin gCoinbhinsiún, nach n-aistríonn an tAire duine faoi phianbhreith de ghnáth *mura n-iarrann an duine faoi phianbhreith é nó mura n-iarrtar é thar ceann an duine faoi phianbhreith*. Is fiú a nótáil gur dúradh le linn na cuairte meastóireachta gur athrú suntasach ar an mbeartas a bheadh in athrú ar an staid sin, agus nár breithníodh a leithéid d’athrú go fóill. Is cosúil, áfach, nach bhfuil sé sin ag teacht le spiorad Threoir 2008/909/CGB, arb é is aidhm dó go díreach aistrithe a thabhairt isteach gan toiliú an duine faoi phianbhreith, i gcúinsí áirithe, ar choinníoll go gcomhlíontar cuspóir an athimeasctha. Ina theannta sin, cé go gcuirtear príosúnaigh ar an eolas go hiomlán faoi fhéidearthachtaí an aistrithe, níl aon phróiseas oibríochtúil ann chun aistrithe a thionscnamh i gcás nach mbíonn aistriú á iarraidh ag an duine faoi phianbhreith – agus níl aon obair ar siúl faoi láthair chun ceann a chur ar bun. Mar sin féin, ní choisctear leis an reachtaíocht cur chuige den chineál sin ar bhonn cás ar chás, ná an fhéidearthacht go gcuirfí próiseas struchtúrtha i bhfeidhm amach anseo.

Saincheist eile atá le lua, baineann sí le hoiriúnú: le cur chun feidhme Threoir 2008/909/CGB tá cur chuige difriúil á ghlacadh i gcomparáid le cásdlí na hÉireann agus tá sé beartaithe leis laghdú a chur ar a mhíne a bhíonn gá le hoiriúnú. D'fhéadfadh sé gur feabhas a bheadh mar thoradh air sin i gcomparáid leis an gcóras atá ann faoi láthair. Táthar ag ceapadh go mbeidh gá le hoiriúnú go príomha i gcásanna ina bhfuil uasfhad pianbhreithe i gceist, agus sna cásanna sin amháin, agus go mbainfear 'breiseáin' nach bhfuil comhoiriúnach.

- Ar deireadh, le dálaí coinneála sna Ballstáit cinn scríbe cuirtear dúshlán breise roimh na hiarrachtaí cuspóir Threoir 2008/909/CGB a bhaint amach. Tá an t-údarás eisiúna i dteideal faisnéis a iarraidh ar an údarás forghníomhaitheach. Má theipeann ar an údarás forghníomhaitheach táscairí iomchuí a sholáthar maidir le staid an aistri tar éis an aistrithe – lena n-áirítear faisnéis nuashonraithe maidir le naisc phearsanta, maidir leis an tsaoráid chuig a seolfar é nó í, maidir leis na cláir athshlánúcháin atá ar fáil sa tsaoráid sin, agus maidir leis na dálaí coinneála ábharacha – ba cheart don údarás eisiúna féachaint go cúramach ar cheart tosaíocht a thabhairt do chosaint an duine aonair agus don *intentio legis*.

5. NASC IDIR CR 2002/584/CGB MAIDIR LEIS AN mBARÁNTAS GABHÁLA EORPACH AGUS CR 2008/909/CGB MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA COIMEÁDTA

5.1. Fadhbanna a bhaineann leis an nasc idir CR 2002/584/CGB maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus CR 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta

Leasaítear leis an dréacht-reachtaíocht Acht BGE 2003 chun foráil a dhéanamh maidir le fillteacha chun pianbhreith a chur isteach faoi Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime BGE atá le déanamh le CR2008/909/CGB. Ní foláir don Aire an breithiúnas agus an deimhniú faoi CR 2008/909/CGB a chur ar aghaidh chun go bhfillfear an náisiúnach (níl urchosc ag Éirinn ar thabhairt suas a náisiúnach féin; déanfar leasuithe ar an mBille um Barántas Gabhála Eorpach le haghaidh chónaitheoirí an Stáit fhorghníomhaithigh).

Ós rud é nár cuireadh CR 2008/909/CGB chun feidhme go fóill, ní féidir leis na saineolaithe a fháil amach ar tháinig fadhbanna chun cinn leis an nasc idir CR 2002/584/CGB maidir leis an BGE agus CR 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta. Táthar ag ceapadh go dtiocfaidh ceisteanna chun cinn maidir le toiliú, go háirithe má dhéanann an duine iarrtha é a chúlghairm.

Is é an status quo go bhfuil córas aistrithe saincheaptha ann chun fillteacha faoi Airteagal 5(3) a éascú. Go praiticiúil, tá sé sin ag brath ar an gCoinbhinsiún. Tá saincheisteanna praiticiúla tagtha chun cinn i ndáil le haistriú maidir le costais.

5.2. Conclúidí

Ós rud é nár cuireadh CR 2008/909/CGB chun feidhme go fóill, ní féidir leis na saineolaithe a fháil amach ar tháinig fadhbanna chun cinn leis an nasc idir CR 2002/584/CGB maidir leis an BGE agus CR 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeáda.

6. CINNEADH RÉIME 2008/947/CGB MAIDIR LE PROMHADH AGUS SMACHTBHANNAÍ MALARTACHA

Rinneadh CR 2008/947/CGB maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha ('CR 2008/947/CGB') a thrasú i reachtaíocht náisiúnta na hÉireann trí achtú agus tosach feidhme an Achta um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnas agus Cinntí Promhaidh), 2019. Tháinig an tAcht sin i ngníomh go hiomlán an 23 Meán Fómhair 2019.

6.1. Údaráis atá inniúil maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB

Tá feidhmeanna an údaráis inniúil in Éirinn chun críocha CR 2008/947/CGB roinnte idir an tAire agus na cúirteanna iomchuí; tá an tSeirbhís Promhaidh ainmnithe ag an Aire, áfach, mar an t-údarás inniúil a dhéanann ionadaíocht ar an Aire faoi théarmaí an Achta um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnas agus Cinntí Promhaidh), 2019. Ní raibh an fhoireann meastóireachta in ann sonraí a fháil maidir le sásraí malartaithe faisnéise agus roinnt na bhfreagrachtaí idir an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Promhaidh agus na cúirteanna cuí. Maidir leis sin, thuairiscigh údaráis na hÉireann go raibh forbairt prótacal comhair idir an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Promhaidh agus cúirteanna cuí fós ag dul ar aghaidh.

NÓS IMEACHTA

Éire ina Ballstát eisiúna

An iarraidh go ndéanfaidh an tAire an breithiúnas agus, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh promhaidh ('an breithiúnas') a chur ar aghaidh chuig an mBallstát eile, féadfaidh Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh í a thíolacadh i leith an duine faoi phianbhreith nó féadfaidh an duine faoi phianbhreith féin é sin a dhéanamh.

Ar iarraidh a fháil ar bhreithiúnas a chur ar aghaidh chuig Ballstát eile, féadfaidh an tAire an breithiúnas a chur ar aghaidh más deimhin leis an Aire: (a) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine faoi phianbhreith go dleathach sa Bhallstát eile, (b) gur fhill an duine faoi phianbhreith ar an Stát sin, nó gur mian leis an duine faoi phianbhreith filleadh ar an Stát sin, agus (c) gur tharla ceann amháin díobh seo a leanas: (i) go bhfuil an ghnáth-thréimhse chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an bhreithiúnais tar éis dul in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith déanta; (ii) gur tarraingíodh siar nó gur éiríodh as an achomharc sin; (iii) i gcás aon achomharc mar sin, gur seasadh leis an mbreithiúnas.

Má iarrann an duine faoi phianbhreith an breithiúnas a chur ar aghaidh chuig an mBallstát ach nach bhfuil cónaí dleathach ná gnáthchónaí air/uirthi ann, féadfaidh an tAire an breithiúnas a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an iarraidh más deimhin leis an Aire: (a) gur thoiligh údarás inniúil an Bhallstáit sin leis an gcur ar aghaidh sin, agus (b) gur tharla ceann amháin díobh seo a leanas: (i) go bhfuil an ghnáth-thréimhse chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an bhreithiúnais tar éis dul in éag gan aon achomharc den sórt sin a bheith déanta; (ii) gur tarraingíodh siar nó gur éiríodh as an achomharc sin; (iii) i gcás aon achomharc mar sin, gur seasadh leis an mbreithiúnas.

I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag an Aire an breithiúnas a chur ar aghaidh, ní mór don Aire an breithiúnas a chur ar aghaidh in éineacht le deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 6 de CR 2008/947/CGB ('deimhniú faoi Airteagal 6') (agus aistriúchán ar an deimhniú faoi Airteagal 6 i dteanga ábhartha), arna shíniú ag an Aire, go díreach chuig údarás inniúil an Bhallstáit trí aon mheán trínar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar faoi choinníollacha lenar féidir le húdarás inniúil an Bhallstáit barántúlacht an dá dhoiciméad (nó, más infheidhme, trí nó ceithre dhoiciméad) a shuíomh. Féadfaidh an tAire, an tráth céanna a ndéanfaidh sé nó sí an cur ar aghaidh amhlaidh nó dá éis sin, iarraidh i scríbhinn a dhéanamh chuig údarás inniúil an Bhallstáit chun go gcuirfean an tAire ar an eolas faoin bpianbhreith choimeádta uasta, nó faoin mbeart eile lena mbaineann an cailleadh saoirse, a d'fhéadfaí a fhorchur ar an duine faoi phianbhreith más rud é gur mhainnigh sé nó sí an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach lena mbaineann a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di féachaint don fhaisnéis nó d'oiriúnú an bhreithiúnais a fuarthas ó údarás inniúil an Bhallstáit fhorghníomhaigh, cinneadh a dhéanamh an deimhniú faoi Airteagal 6 lena mbaineann a tharraingt siar más é tuairim an Aire gur leas an phobail nó le leas an cheartais é é sin a dhéanamh.

Ní mór don Aire, a luaithe is indéanta, fógra i scríbhinn a thabhairt don chúirt a thug an breithiúnas i ndáil leis an gcinneadh ó údarás inniúil an Bhallstáit fhorghníomhaigh maidir le haistriú breithiúnais.

Ní mór don Aire fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit, trí aon mheán trínar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, a luaithe a thagann an tAire ar an eolas, i ndáil leis an mbreithiúnas in Éirinn, faoi aon imthosca nó aon chinntí a bhféadfadh sé gurb é an toradh a bheadh orthu, i dtuairim an Aire, dá mbeadh údarás inniúil an Bhallstáit ar an eolas faoi na himthosca nó na cinntí, go ndéanfadh údarás inniúil an Bhallstáit cinneadh amháin nó níos mó dá éis sin i ndáil leis an duine faoi phianbhreith.

Más rud é, fad atá an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach lena mbaineann á mhaoirsiú ag an Stát forghníomhaitheach, go gcúisítear an duine faoi phianbhreith i gcion faoi dhlí na hÉireann, féadfaidh an tAire a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit fhorghníomhaigh an inniúlacht a aistriú, a mhéid a bhaineann an inniúlacht sin leis an mbeart promhaidh sin nó leis an smachtbhanna malartach sin, ar ais go hÉirinn de bhun Airteagal 20(2) de CR 2008/947/CGB.

I gcás ina mbeidh dlínse glactha in athuair ag Éirinn i ndáil leis an mbeart promhaidh nó leis an smachtbhanna malartach lena mbaineann, tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn faoi sin don duine faoi phianbhreith nó, má aistríodh an dlínse ar ais go hÉirinn toisc gur éalaigh an duine faoi phianbhreith nó nach bhfuil cónaí dleathach ná gnáthchónaí air nó uirthi a thuilleadh sa Bhallstát forghníomhaitheach, déanfaidh an tAire gach iarracht réasúnach an fógra sin a thabhairt don duine faoi phianbhreith.

Éire ina Ballstát forghníomhaitheach

Nuair is í Éire an Ballstát forghníomhaitheach, measfar gnáthchónaí a bheith in Éirinn go dleathach ar dhuine nádúrtha a raibh a phríomháit chónaithe in Éirinn go dleathach ar feadh an 12 mhí díreach roimh an dáta a bhfuair an tAire breithiúnas i leith an duine sin arna chur ar aghaidh ag an údarás inniúil sa Stát eisiúna.

D'ainneoin nach bhfuil cónaí go dleathach ná gnáthchónaí in Éirinn ar an duine faoi phianbhreith lena mbaineann, féadfaidh an tAire toiliú le breithiúnas a chur ar aghaidh más rud é: (a) gur saoránach de chuid na hÉireann an duine, nó (b) gurb é tuairim an Aire go bhfuil dlúthnaisc ag an duine le hÉirinn agus gur chun leasa athshlánú sóisialach an duine déanamh amhlaidh.

Ní mór an breithiúnas ón mBallstát eisiúna a chur chuig an Aire (tugtar sonraí teagmhála na Seirbhíse Promhaidh). Mura mbeidh deimhniú faoi Airteagal 6 ag gabháil le breithiúnas nó má tá an deimhniú sin i dteanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla, nó má tá sé neamhiomlán, nó más léir nach bhfreagraíonn sé don bhreithiúnas sin, ní mór don Aire, a luaithe is indéanta tar éis do ní ábhartha teacht chun cinn, an méid seo a leanas a dhéanamh, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna: (a) an ní ábhartha a chur in iúl dó, agus (b) sonrú a dhéanamh ar thréimhse réasúnach ama ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a dhéanamh i ndáil leis an ní ábhartha.

Tar éis don Aire breithiúnas a fháil, ní mór don Aire: (a) iarratas a dhéanamh, ar fhógra a thabhairt don duine faoi phianbhreith, chuig an tSeirbhís Promhaidh agus chuig an gceannfort den Gharda Síochána don dúiche ina bhfuil cónaí nó ina mbeidh cónaí ar an duine faoi phianbhreith, chuig an gcúirt iomchuí chun an breithiúnas sin a aithint, nó (b) diúltú aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas sin chun go nglacfaidh Éire freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach lena mbaineann.

Ní mór don Aire iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt chuí a luaithe is indéanta agus, ar a laghad, in am trátha chun go mbeidh an chúirt chuí in ann cinneadh a dhéanamh ar an iarratas laistigh de thréimhse 60 lá tar éis don Aire breithiúnas a fháil, mar aon leis an deimhniú faoi Airteagal 6 a ghabhann leis. I gcásanna nach bhfuil deimhniú faoi Airteagal 6 ag gabháil le breithiúnas a fuair an tAire ón mBallstát eisiúna nó ina bhfuil an deimhniú sin i dteanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla, nó ina bhfuil sé neamhiomlán, nó inar follas nach bhfreagraíonn sé don bhreithiúnas sin, agus inar iarr an tAire ar údarás inniúil an Bhallstáit eisiúna an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a dhéanamh i ndáil leis an ní sin, ní mór don chúirt cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas laistigh de 60 lá tar éis an ghníomhaíocht cheartaitheach lena mbaineann a dhéanamh.

Más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach féidir leis an Aire an teorainn ama a chomhlíonadh, ní mór don Aire, a luaithe is indéanta, na cúiseanna leis an moill sin, agus an tréimhse a mheastar is gá chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an mbreithiúnas lena mbaineann, a chur in iúl don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar.

Más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach féidir leis an gcúirt chuí an teorainn ama a chomhlíonadh (60 lá), ní mór di, a luaithe is indéanta, an mhoill sin, na cúiseanna leis an moill, agus an tréimhse a mheastar is gá chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an mbreithiúnas lena mbaineann a chur in iúl don Aire. Ní mór don Aire, a luaithe is indéanta tar éis an fhaisnéis sin a fháil, trí aon mheán lenar féidir taifead a fhágáil i scríbhinn, an fhaisnéis sin a thabhairt don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna.

Féadfaidh an tAire diúltú breithiúnas a aithint má tá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) nach bhfuil deimhniú faoi Airteagal 6 ag gabháil leis an mbreithiúnas nó go bhfuil an deimhniú sin i dteanga seachas an Ghaeilge nó an Béarla, nó go bhfuil sé neamhiomlán, nó gur follas nach bhfreagraíonn sé don bhreithiúnas sin, agus go bhfuil an tréimhse réasúnach ama a shonraítear san fhógra a tugadh don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna i leith an ní sin imithe in éag gan an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a bheith déanta i leith an ní sin;

(b) go n-áirítear i ndeimhniú Airteagal 6 beart promhaidh nó smachtbhanna malartach nach dtagann faoi réim alt 19(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh), 2019;

(c) go bhfuil an duine faoi phianbhreith, de bhua aon Acht den Oireachtas, díolmhaithe ó ionchúiseamh, faoi dhlí na hÉireann, i leith cion arb éard atá ann gníomh nó neamhghníomh ar cion é lena mbaineann, go hiomlán nó go páirteach, an breithiúnas agus, más infheidhme, an cinneadh promhaidh;

(d) go bhforáiltear leis an mbreithiúnas agus, más infheidhme, leis an gcinneadh promhaidh, do chóir leighis nó cóir theiripeach, ar cóir í a bheadh, i dtuairim an Aire, dodhéanta nó neamhphraiticiúil ag Éirinn a thabhairt nó a mhaoirsiú;

(e) go mbaineann an breithiúnas le cion a meastar faoi dhlí na hÉireann go ndearnadh é go hiomlán nó go mórpháirteach in Éirinn.

Ní mór don Aire diúltú breithiúnas a aithint má tá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) nach bhfuil an duine faoi phianbhreith tar éis filleadh agus nach mian leis nó léi filleadh ar Éirinn;

(b) nár thoiligh an tAire leis an mbreithiúnas a chur ar aghaidh i leith an duine faoi phianbhreith i gcás nach bhfuil cónaí go dleathach ná gnáthchónaí in Éirinn ar an duine faoi phianbhreith;

(c) gur lánléir ón bhfaisnéis a sholáthraítear sa deimhniú faoi Airteagal 6 lena mbaineann go sárófaí an prionsabal *ne bis in idem* dá n-aithneofaí an breithiúnas;

(d) go mbaineann an breithiúnas le cion faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna nach bhfreagraíonn do chion faoi dhlí na hÉireann;

(e) go bhfuil an cion faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna lena mbaineann an breithiúnas ag freagairt do chion faoi dhlí na hÉireann nach bhféadfaí imeachtaí a thionscnamh i gcoinne duine atá ar comhaois leis an duine faoi phianbhreith mar gheall ar a aois nó a haois tráth an chiona;

(f) nár tháinig an duine faoi phianbhreith i láthair i bpearsa ag na himeachtaí a raibh an breithiúnas mar thoradh orthu, mura rud é go sonraítear sa deimhniú faoi Airteagal 6 a ghabhann leis an mbreithiúnas na nithe a cheanglaítear le pointí 2, 3 agus 4 de phointe (h) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le CR 2008/947/CGB;

(g) gur lú ná 6 mhí fad ama an bhirt promhaidh nó an smachtbhanna mhalartaigh lena mbaineann nó gur lú ná 6 mhí an fad ama atá fágtha ag an mbeart nó ag an smachtbhanna.

Má bhreithníonn an tAire diúltú an breithiúnas a aithint, féadfaidh an tAire, trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, a iarraidh ar an údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna aon fhaisnéis bhreise a éilítear a sholáthar don Aire a luaithe is indéanta, sula gcinnfidh an tAire gan breithiúnas a aithint.

Ar iarratas a fháil ón Aire maidir le haitheantas a thabhairt do bhreithiúnas a cuireadh ar aghaidh, ní mór don chúirt chuí ordú a dhéanamh lena bhformhuinítear an breithiúnas chun críche aitheantais agus chun go nglacfaidh Éire freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach lena mbaineann. Más é tuairim na cúirte go bhfuil an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach lena mbaineann, de bharr a chineáil, nó a fhaid ama, ar neamhréir le dlí na hÉireann, féadfaidh an chúirt an beart nó an smachtbhanna a chur in oiriúint do bheart nó smachtbhanna arna fhorordú le dlí na hÉireann i leith cion a fhreagraíonn don chion ar forchuireadh an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach ina leith, agus féadfaidh sí na hoiriúnuithe lena mbaineann a shonrú in ordú.

Tá údarás ag an gcúirt gan breithiúnas a aithint trí thagairt a dhéanamh do na forais chéanna le diúltú a d'fhéadfadh nó a chaithfidh an tAire a chur i bhfeidhm. Má bhreithníonn an chúirt diúltú an breithiúnas a aithint, féadfaidh an chúirt a iarraidh ar an Aire aon fhaisnéis bhreise arna héileamh ag an gcúirt a fháil ón údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna a luaithe is indéanta, sula ndiúltóidh an chúirt breithiúnas a fhorhuiniú.

Ní fhéadfaidh an tAire ná an chúirt diúltú breithiúnas a aithint ar an bhforas, i ndáil le cion ioncaim:

- (a) nach bhforchuirtear in Éirinn aon cháin ná aon dleacht den chineál lena mbaineann an cion, nó
- (b) go bhfuil na rialacha a bhaineann le cánacha, dleachtanna, custam nó rialú iomlaoide a bhfuil feidhm acu sa Stát eisiúna éagsúil leis na rialacha a bhfuil feidhm acu in Éirinn maidir le cánacha, dleachtanna, custam nó rialú iomlaoide.

I gcás ina mbeidh ordú déanta ag an gcúirt chuí breithiúnas a aithint, ní mór di a chur faoi deara go ndéanfar cóip dheimhnithe den ordú, a bhfuil cóip den bhreithiúnas ag gabháil léi, a chur, laistigh de 4 lá oibre ó dháta déanta an ordaithe, (a) chuig an duine faoi phianbhreith, (b) chuig an Aire, (c) chuig Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, agus (d) chuig an gceannfort den Gharda Síochána don dúiche ina bhfuil cónaí nó ina mbeidh cónaí ar an duine faoi phianbhreith.

I gcás ina ndearnadh ordú chun breithiúnas a aithint agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh promhaidh a aithint, ní mór don Aire: (a) aitheantas a thabhairt, chun go nglacfaidh Éire freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach lena mbaineann, don bhreithiúnas agus (b) a luaithe is indéanta, tabhairt faoi na bearta go léir is gá chun an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach a mhaoirsiú.

Ní mór don Aire fógra a thabhairt láithreach don údarás inniúil sa Stát eisiúna, trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, i dtaobh aon cheann díobh seo a leanas: (a) go n-aithníonn an tAire an breithiúnas; (b) aon chinneadh ón Aire nó ón gcúirt chuí maidir le diúltú aitheantas a thabhairt do bhreithiúnas, mar aon leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh; (c) ordú ón gcúirt chuí lena n-oiriúnaítear beart promhaidh nó smachtbhanna malartach, mar aon leis na cúiseanna atá leis an oiriúnú; (e) má tá feidhm ag alt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh) 2019 maidir le breithiúnas, nach nglacfaidh Éire freagracht uirthi féin as cinneadh ábhartha a dhéanamh.

Ní mór don Aire an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna a chur ar an eolas láithreach, trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, i dtaobh aon cheann díobh seo a leanas: (a) go ndearnadh breithiúnas, deimhniú faoi Airteagal 6 nó aistriúchán air a chur ar aghaidh chuig an Aire; (b) nár cuireadh tús leis an maoirseacht nó gur scoireadh den mhaoirseacht ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach lena mbaineann, de bharr pardún, ilphardún nó loghadh pionóis a bheith deonaithe don duine faoi phianbhreith faoi dhlí na hÉireann nó an Bhallstáit eisiúna i leith an chiona lena mbaineann an breithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, lena mbaineann an cinneadh promhaidh.

Más rud é, toisc nach féidir teacht ar an duine faoi phianbhreith in Éirinn tar éis an breithiúnas agus, i gcás inarb infheidhme, an cinneadh promhaidh mar aon leis an deimhniú faoi Airteagal 6 a ghabhann leis a bheith curtha ar aghaidh chuig an Aire de bhun Airteagail 5 agus 6 den Chinneadh Réime, nach indéanta d'Éirinn go hiarbhír maoirseacht a dhéanamh ar an mbeart promhaidh nó ar an smachtbhanna malartach lena mbaineann, ní mór don Aire an t-údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna a chur ar an eolas a luaithe is indéanta, trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, i dtaobh an mhéid sin.

I gcás ina bhfuil an tAire tar éis breithiúnas a aithint, ní mór don Aire, a luaithe is indéanta, trí aon mheán lenar féidir taifead i scríbhinn a sholáthar, aon chinneadh dá éis sin a chur in iúl don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna ar cinneadh é: (a) lena modhnaítear an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach lena mbaineann, (b) lena gcúlghairtear fionraí fhorghníomhú an bhreithiúnais, (c) lena gcúlghairtear an cinneadh maidir le scaoileadh saor coinníollach, nó (d) de thoradh mainneachtain duine faoi phianbhreith an beart promhaidh nó an smachtbhanna malartach a chomhlíonadh— (i) ar beart nó smachtbhanna é lena ndéantar pianbhreith choimeádta, nó beart eile a mbaineann cailleadh saoirse leis, a fhorfheidhmiú ar an duine, nó (ii) lena ndéantar pianbhreith choimeádta, nó beart eile a mbaineann cailleadh saoirse leis, a fhorchur ar an duine.

Ní mór don Aire, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna ag a bhfuil an dlínse cinneadh ábhartha a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas: (a) aon chinneadh ar dócha go mbeidh de thoradh air go gcúlghairfean an cinneadh um scaoileadh saor coinníollach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le CR 2008/947/CGB, (b) na fíorais agus na himthosca breise uile a n-iarrann an t-údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna go ndéanfaí iad a sholáthar, nó (c) na fíorais agus na himthosca breise uile a bhfuil eolas orthu riachtanach chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát eisiúna an cinneadh ábhartha sin a dhéanamh i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

